


COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021- GSOC AG AISTRIÚ

GSOC Garda Ombudsman
FIOSRÚCHÁN NEAMHSPLEÁCHAS
NEAMHCHLAONTACHT

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, DO1 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, DO1 FT73
Tel: (01) 871 6727    Lo-Call: 0818 600 800    Fax: (01) 814 7023    Email: info@gsoc.ie    Web: www.gardaombudsman.ie

Portráidí agus pictiúir ar an gclúdach agus i gcaibidil 1-3: Corporate Photographers Dublin

# CLÁR ÁBHAR


1. Brollach 5
2. Réamhrá 9
    - Ról agus Feidhmeanna GSOC 9
    - Ár dTorthaí agus Cuspóirí Straitéiseacha 9
    - Ár bhFís, Misean agus Luachanna 11
3. Aistriú agus Athchóiriú 13
    - Scéim an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 13
    - GSOC a Ullmhú don Aistriú 13
    - Teagmháil le Déantóirí Beartais 13
    - Ag tabhairt aghaidh ar an Todhchaí 14
4. Tuarascáil faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 17
    - Cearta an Duine agus Comhionannas a chur ag Croílár na Físe againn 17
    - An Dul Chun Cinn a Rinneadh in 2021 17
5. Sracfhéachaint ar 2021 19
6. Rialachas, Airgeadas agus Rialú Inmheánach 21
    - Rialachas agus Struchtúr 21
        - Coimisiún an Ombudsman 21
        - An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta 22
        - Feidhmíocht a sheachadadh agus formhaoirseacht 22
        - Bainistiú cáilíochta 23
    - Airgeadas 23
        - Cistiú 23
        - Caiteachas in 2021 23
        - Príomhfhoireann bainistíochta 24
        - Táillí nach bhfuil bainteach le tuarastal 24
        - Sochair fostaithe 24
        - Costais agus socraíochtaí comhairleachta agus dlí 24
    - Timpeallacht an Rialaithe Inmheánaigh 24
        - An córas rialaithe inmheánaigh 24
        - Iniúchadh 25
        - Bainistiú riosca 26
    - Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh i GSOC 27
7. Foirniú 31
    - Foghlaim agus Forbairt 32
8. Gearáin 35
    - An Chaoi a bhFaigheann agus a n-Imscrúdaíonn GSOC Gearáin 35
        - Inghlacthacht 35
        - Cineálacha gearán 35
    - Príomhfhíricí agus Figiúirí do Ghearáin in 2021 36
        - Líon na gceisteanna 36

Líon na ngearán 37

Scaipeadh geografach na ngearán agus na líomhaintí 37

Na rudaí a ndéanann daoine gearán fúthu 39

Cinntí faoi inghlacthacht 40

Cinntí faoi neamh-inghlacthacht 41

9. Imscrúduithe de Bhun Gearán: Torthaí in 2021 43

Forléargas ar Thorthaí Imscrúduithe 2021 43

Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Araíonachta 45

Smachtbhannaí a Forchuireadh 45

Fad Ama a Glacadh chun Imscrúduithe a chur i gCrích 45

Imscrúduithe de Bhun Gearán: Cás-staidéir in 2021 48

10. Imscrúduithe ar Tharchur faoi alt 102 (Bás nó Díobháil Thromchúiseach) 55

Cén Uair a Dhéanann An Garda Síochána Tarchur chuig GSOC? 55

An Chaoi a n-Imscrúdaíonn GSOC Ábhair faoi Alt 102 55

Tarchuir a Fuarthas in 2021 56

Imscrúduithe tar éis Tarchur a Cuireadh i gCrích in 2021 57

Imscrúdú tar éis Tarchuir: Cás-staidéir in 2021 59

11. Imscrúduithe chun Leas an Phobail 61

12. Idirghabháil Áitiúil 63

Idirghabháil Áitiúil: Cás-staidéir in 2021 65

13. Aonad Dlí GSOC: Ag Plé leis na Cúirteanna 67

Gníomhaíocht Dlí tar éis Imscrúdaithe Choiriúil 67

Orduithe ón DPP ionchúiseamh a dhéanamh in 2021 67

Cásanna coiriúla a cinneadh sa chúirt 2021: cás-staidéir 68

Cásanna ar feitheamh os comhair na gcúirteanna ag deireadh 2021 69

Nochtadh ag Neamh-Pháirtí 69

14. Eolas a Thabhairt do Bheartas agus Cleachtas an Gharda Síochána 71

Moltaí Córasacha a tugadh do Bhainistíocht an Gharda Síochána 71

Eolas a thabhairt don Straitéis Náisiúnta Póilíneachta le linn COVID 74

15. Nochtuithe Cosanta 75

Riar Cásanna maidir le Nochtuithe Cosanta in 2021 75

Plé le Nochtuithe Cosanta sa Bhaile agus go hIdirnáisiúnta 75

16. Iarrataí ar Fhaisnéis 76

17. GSOC agus Cosaint Leanaí 77

Aguisín 1: Imscrúduithe GSOC ar Láimh ag Deireadh Bliana 2021 78

Aguisín 2: Próifíl na nGearánach in 2021 79

Aguisín 3: Inscne agus Grád na nGardaí ab Ábhar Gearán in 2021 84

Gluais Téarmaí agus Giorrúchán 85

# 1. BROLLACH

Foilsíodh Ráiteas Straitéise GSOC 2021-2023 i Márta 2021. Léiríonn sé seo lárnachas na gceart daonna san obair a dhéanaimid agus athshonraíonn sé ár dtiomantas eagraíochtúil do ghearáin a láimhseáil go cothrom, tráthúil, neamhspleách, do sheirbhís ar fheabhas do chustaiméirí, do nuáil agus do chultúr ardfheidhmíochta.



Mar Chathaoirleach a ceapadh le déanaí, nótálaim go ndearna Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána dul chun cinn maith in 2021 maidir le himscrúduithe a chur i gcrích, bíodh is go raibh méadú de shíor ag teacht ar an líon gearán agus tarchur. Sa bhliain sin chomh maith tháinig scéim ghinearálta an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail chun cinn, tar éis na mblianta díospóireachta agus pléite. Moltar athruithe fadréimseacha sa Bhille a rachaidh, nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, má chuirtear, i gcion ar struchtúr agus scóip na formhaoirseachta agus a mbunófar leo Ombudsman Garda nua a mbeidh feidhmeanna a bheidh méadaithe go maith, mar aon le neamhspleáchas aige. Pointe tosaigh maith é seo óna mbeifear in ann déileáil le bearna in infreastruchtúr cuntasachta póilíneachta na hÉireann atá sainmhínithe go soiléir agus curtha in iúl le fada. Caithfimid ullmhú go cúramach agus go cuimsitheach don aistriú seo.

Bhí an t-aistriú, mar sin, mar fhócas lárnach dár gcuid oibre in 2021 agus beidh sé mar phríomhfhócas agamsa mar Chathaoirleach. Bhí GSOC ag feidhmiú sular tháinig mise agus beidh sé ag feidhmiú nuair a bheidh mé imithe. In éineacht leis na Coimisinéirí Emily Logan agus Hugh Hume, táimid freagrach as comhlacht a sheachadann seirbhís ríthábhachtach don phobal agus don Gharda Síochána. Tá sé mar ról againn chomh maith a chinntiú gur aistriú gan uaim a bheidh ann go dtí pé struchtúr nua a ordóidh an tOireachtas. Go bunúsach, tá sé mar sprioc againn an sean GSOC a fhágáil trealmhaithe níos fearr chun a chuid oibre a dhéanamh ná mar a bhí nuair a thosaigh muid agus é lánullamh dá ról nua mar Gharda Ombudsman leasaithe, leathnaithe.

Foilsíodh Ráiteas Straitéise GSOC 2021-2023 i Márta 2021. Léiríonn sé seo lárnachas na gceart daonna san obair a dhéanaimid agus athshonraíonn sé ár dtiomantas eagraíochtúil do ghearáin a láimhseáil go cothrom, tráthúil, neamhspleách, do sheirbhís ar fheabhas do chustaiméirí, do nuáil agus do chultúr ardfheidhmíochta.

Baineann na leasuithe atá molta do GSOC le gach aon cheann de na réimsí tosaíochta seo agus beidh sé ina thasc do gach duine san eagraíocht an t-aistriú eagraíochtúil a thiocfaidh mar thoradh air sin a phleanáil. Is trí thionscadal tras-eagraíochtúil a chomhordófar an obair is gá a dhéanamh. Mar chuid de seo, táimid tar éis bheith gafa le páirtithe leasmhara beartais agus leis an Oireachtas agus tá ár dtuairimí leagtha amach againn ar an reachtaíocht atá beartaithe. Ar na cinn is mó ina measc seo, tá an riachtanas lenár neamhspleáchas a threisiú, comhoibriú tráthúil tras-áisíneachta a ráthú – comhoibriú ón nGarda Síochána ach go háirithe – agus acmhainní agus foireann leordhóthanacha a ghlasáil isteach chun deimhin a dhéanamh de go mbeifear in ann tarchur méadaithe formhaoirseachta a shásamh go réalaíoch. Ina leith seo, bunaíodh Aonad Bainistithe Cáilíochta nua, agus é de dhualgas air feabhas a chur ar phróisis inmheánacha a shásóidh riachtanais reachtaíochta agus rialála anois agus amach anseo, agus seirbhís a sholáthar don phobal nach mór a sholáthar ar mhaithe leis an sainordú a chomhlíonadh agus ar mhaithe le leas an phobail. Ina theannta sin, táimid chun cúntóirí saineolaíocha a fhostú chun riachtanais struchtúracha agus eagraíochtúla amach anseo a shainaithint agus a mheas go cruinn.

I lár na n-athruithe seo, lean GSOC air i gcónaí ag fónamh ar an bpobal i gcomhréir lena tharchur reachtach agus lena Ráiteas Straitéise. Mar an gcéanna le 2020, tá sé seo déanta ag GSOC i gcúinsí dúshlánacha idir dianghlásálacha, sriantachtaí, cailliúint foirne a raibh taithí acu, agus an neamhchinnteacht leanúnach a tháinig de bharr paindéime COVID-19. Ag tús 2021 bhí líon iomlán de 904 cás ar láimh agus i gcaitheamh na bliana tháinig méadú suntasach ar an líon gearán a fuarthas ón bpobal (12%) agus ar an líon tarchur reachtach (40%). Bíodh is go dtáinig méadú suntasach ar an líon cásanna a chuir muid i gcrích in 2021, chuir muid tús le 2022 agus 852 cás ar láimh againn i gcónaí (Feic Aguisín 1).

In 2021 bhí laghdú sásúil ann ar an aga ama airmheánach a caitheadh ar imscrúduithe araíonachta, ach ag an am céanna bhí méadú suntasach ann ar an aga ama airmheánach a tógadh orainn imscrúduithe coiriúla a chur i gcrích. B'ionann é seo agus 311 lá ag deireadh bliana 2021. Bhí cúiseanna iolracha taobh thiar den mhéadú seo, ní hé an méadú ar líon agus ar chastacht na gcásanna amháin. Le tionchar na paindéime ar gach gné de phróisis GSOC tógann sé achar níos faide rochtain a fháil ar ghearánaigh agus finnéithe, ráitis a thógáil, agallaimh a stiúradh agus fianaise a bhailiú. Bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim ar oibriú na gcúirteanna chomh maith i gcaitheamh 2020 agus 2021.

Bíonn fadhb ann i gcónaí maidir le hacmhainniú. Tá an líon foirne againn faoi láthair, i dtéarmaí líonta agus i dtéarmaí sainscileanna araon, i bhfad faoi bhun an mhéid a theastaíonn. Leis na hathruithe foirne, cailliúint foirne a raibh taithí acu de bharr dul ar scor nó solghluaisteacht ina measc, ní hamháin gur fágadh an fhoireann atá ann anois le hualaigh oibre méadaithe ach fágadh le strus ón obair agus le cloíteacht mhéadaithe iad. Níl sé éasca foireann a earcú, le hionadú na gcomhlachtaí rialála. Tá ár gcuid iniúchóirí agus oibrithe cáis ag obair i bhfad lasmuigh de na caighdeáin riar cásanna a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus tá riosca ann i ndáiríre go gcuirfear as dár gcumas an tseirbhís a d'ordaigh an tOireachtas a sholáthar. Sin é an scéal mar atá faoi láthair gan aon cheann de na freagrachtaí breise a éileofar leis an reachtaíocht atá beartaithe a chur sa chuntas. Dar liomsa, tá fíor-riosca ann nach mbeimid in ann ár riar cásanna reatha a phróiseáil mura mbeimid in ann dóthain foirne a earcú agus a oiliúint, beag beann ar an líon méadaithe gearán agus imscrúduithe gur féidir bheith ag súil leo. Beidh an mhoill ina fadhb i gcónaí, cé gur rud é a d'ardaigh GSOC, comhaltaí den Gharda, agus gearánaigh chomh maith, go rialta agus go ceart, mar rud nach mór a cheartú, agus is féidir go rachaidh sé chun donachta mura mbeidh acmhainní cearta curtha ar fáil do GSOC. Fuair muid roinnt cistithe breise in 2022 agus cuirfidh sé seo ar ár gcumas roinnt foirne breise a earcú. Má shainordaíonn an tOireachtas obair bhreise do Gharda Ombudsman athchóirithe agus breisithe, is léir go gcaithfear na huirlisí a thabhairt dó chun an obair a dhéanamh i gceart. Is ríthábhachtach é acmhainní leordhóthanacha a rathú, i dtéarmaí foirne agus i dtéarmaí saineolais araon.

Léirítear sa tuarascáil seo an chaoi a rinne muid de réir ár bhfeidhme in 2021. Ina theannta sin, tá raon cás-staidéar curtha san áireamh againn chun blaiseadh a thabhairt de na fadhbanna a chastar orainn agus sinn ag imscrúdú gearán.

In 2021, leanamar orainn ag déanamh moltaí córasacha chuig Coimisinéir na nGardaí ag éirí as ár n-imscrúduithe, mar aon lenár dtuairimí ar thionchar ár mbearta póilíneachta ar an bpobal i gcomhthéacs shriantachtaí na paindéime. Chomhlíon muid ról ceannaireachta go hidirnáisiúnta ag cur le formhaoirseacht póilíneachta trí bheith inár gcomhalta de líonraí idirnáisiúnta frith-éillithe, eagraíochtaí gearán póilíneachta agus eagraíochtaí sceithireachta.

Mar fhocal scoir, in 2021 tháinig deireadh le téarma An Bhreithimh Mary Ellen Ring mar Chathaoirleach. Ó 2015 i leith, bhí an-luach ag baint le fuinneamh agus ceannaireacht An Bhreithimh Ring maidir le

cumas, teacht aniar, éifeachtacht agus tionchar GSOC a ardú, agus dlús a chur le hathruithe bunúsacha ar GSOC agus ar infreastruchtúr formhaoirseachta póilíneachta na hÉireann. Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí as an méid a chuir sí le GSOC le linn a tionachta.

Ní bheadh sé cóir gan tíolacadh agus tiomantas na foirne a admháil. Oibríonn GSOC ar feadh 24 uaire sa lá, seacht lá sa tseachtain agus ní beag na héilimh a chuireann sé seo ar an bhfoireann agus ar a dteaghlaigh. Tá a gcuid oibre deacair, mionsonraithe agus dúshlánach agus tuilleann sé an meas agus an t-aitheantas is airde. Is pribhléid é bheith mar chuid de ghrúpa dá leithéid.

**An Breitheamh Rory MacCabe,**
**Cathaoirleach**



C-D: An Coimisinéir Hugh Hume,
an Cathaoirleach an Breitheamh Rory MacCabe,
an Coimisinéir Emily Logan




# 2 RÉAMHRÁ

# 2. RÉAMHRÁ

In 2021 d'fhoilsigh GSOC Ráiteas Straitéise chun an fhís straitéiseach, an misean agus na torthaí samhlaithe ar ardleibhéal atá aige don tréimhse 2021- 2023 a chur in iúl, agus chun na príomhbhearta a leagan amach a dhéanfaidh GSOC chun gnóthú agus cuntas a thabhairt dá réir sin i bhfianaise na gcuspóirí seo thar an tréimhse sin.

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo agus cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt de réir Alt 80 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

## Ról agus Feidhmeanna GSOC

Gníomhaireacht neamhspleách reachtach is ea Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) a cuireadh ar bun in 2007 faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 ('an tAcht' ina dhiaidh seo). Tá sé mar fheidhm againn déileáil le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, cothrom.

Déileálann GSOC le gearáin a dhéanann daoine den phobal maidir le hiompar comhalta den Gharda Síochána, bíodh na líomhaintí ag baint le ceisteanna coiriúla nó le ceisteanna araíonachta. Ina theannta sin, stiúrann GSOC imscrúduithe neamhspleácha ar nithe arna dtarchur chuige ag an nGarda Síochána, ag an Aire Dlí agus Cirt nó ag an Údarás Póilíneachta, nó ar nithe a mheasann GSOC gur cheart iad a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail. Mínítear na gnéithe éagsúla seo de shainchúram GSOC go mion sa tuarascáil seo, agus tugtar cuntas mionsonraithe ar an gcaoi a seachadadh sainchúram GSOC in 2021.

## Ár dTorthaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

In 2021 d'fhoilsigh GSOC Ráiteas Straitéise chun an fhís straitéiseach, an misean agus na torthaí samhlaithe ar ardleibhéal atá aige don tréimhse 2021- 2023 a chur in iúl, agus chun na príomhbhearta a leagan amach a dhéanfaidh GSOC chun gnóthú agus cuntas a thabhairt dá réir sin i bhfianaise na gcuspóirí seo thar an tréimhse sin. Cé go bhfuil sé bunaithe ar bhunúis reachtacha GSOC faoi láthair, tá mar bhonn eolais faoin Ráiteas Straitéise na dréacht-mholtaí reachtacha chun feidhmeanna agus sainchúram GSOC a leathnú, agus tá sé dírithe go láidir i dtreo na socruithe is gá i gcomhair aistriú réidh go dtí an comhlacht nua, a bheidh in ionchas feidhmeanna agus cumhachtaí athbhreithnithe mar aon le timpeallacht leasaithe oibriúcháin.

Agus é ag cur a straitéise le chéile do na trí bliana amach romhainn, tá GSOC tar éis a chuspóirí a fhorbairt agus a ghrúpáil thart ar cheithre thoradh ar ardleibhéal. Tá siad seo ceaptha chun go sásóimid na hoibleagáidí atá orainn ár bhfeidhmeanna reachtacha a chomhlíonadh go héifeachtúil, éifeachtach, cothrom agus, á ndéanamh sin dúinn, muinín an phobail a mhéadú sa phróiseas chun gearáin a réiteach agus líomhaintí faoi mhí-iompar i measc comhaltaí den Gharda Síochána a imscrúdú. Is iad na torthaí sin:

1. Feidhm neamhspleách láimhseála gearán agus imscrúdaithe mí-iompair líomhainte póilíneachta a chur ar fáil ar mhaithe le leas an phobail;
2. Seirbhís custaiméara ar fheabhas a sheachadadh;
3. Aistriú réidh go dtí an comhlacht a bheidh mar chomharba ar GSOC a sheachadadh; agus
4. Eagraíocht a fheidhmíonn ar ardleibhéal, agus a mbeidh ardmheas uirthi.

## Ár dTorthaí Straitéiseacha agus ár gCuspóirí

### LÁIMHSEÁIL NEAMHSPLEÁCH GEARÁN AGUS IMSCRÚDÚ AR MHÍ-IOMPAR GARDA LÍOMHAINTE CHUN LEAS AN PHOBAIL

- Gearáin ón bpobal in aghaidh an Gharda Síochána a phróiseáil ar bhealach neamhspleách, cóir agus tráthúil.
- Imscrúdú ar tharchuir ó Choimisinéir an Gharda Síochána, ón Aire Dlí agus Cirt agus ón Údarás Póilíneachta maidir le mí-iompar féideartha ag comhaltaí Garda agus imscrúduithe a dhéanamh chun leas an phobail.
- Plé le Nochtadh Cosanta i gcomhréir le feidhmeanna reachtúla.

### SEIRBHÍS CUSTAIMÉARA DEN SCOTH

- Iontaoibh agus muinín as an tseirbhís a sholáthraímid agus as an bpóilíneacht go ginearálta a spreagadh trí sheirbhís gearán atá gairmiúil agus inniúil a chur ar fáil don phobal.
- Eispéireas seirbhíse custaiméara ardcháilíochta agus seirbhís ghearáin um chearta an duine a sholáthar do chustaiméirí uile GSOC.
- Caidrimh lenár bpríomh-gheallsealbhóirí a fheabhsú agus a fhorbairt ag teacht le feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse a fhéadfaidh GSOC a sholáthar dá chustaiméirí agus feasacht faoi ról GSOC a chur chun cinn.

### AISTRIÚ RÉIDH CHUIG COMHLACHT COMHARBA GSOC

- An próiseas maidir le feidhmeanna GSOC a bhunú agus a aistriú chuig a chomhlacht comharba a phleanáil agus a bhainistiú go héifeachtach.
- Inniúlacht a chruthú chun freagairt d'éilimh mhéadaithe mar gheall ar reachtaíocht nua agus dúshláin eile inár dtimpeallacht.
- Tionchar a imirt ar an bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar an bpóilíneacht agus ar fhormhaoirseacht na póilíneachta agus rannchuidiú le breis iontaoibhe agus muiníne a bheith ag an bpobal as an bpóilíneacht.

### EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMIÚIL A BHFUIL ARDMHEAS UIRTHI

- Infheistiú inár bhfoireann agus rogha maith fostóra a dhéanamh de GSOC.
- Cultúr láidir cuimsitheach agus trédhearcach a fhorbairt san eagraíocht a dhíreofar ar ár gcomhchuspóir a bhaint amach agus tacú lenár bhfoireann i gcomhpháirtíocht a bhfuil ardmheas uirthi ar fud na heagraíochta.
- Athruithe a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Feasacht níos fearr ag an bpobal faoi ról agus éachtaí GSOC a chur chun cinn.
- Athbhreithniú agus beachtú a dhéanamh ar réitigh nuálacha, iad a fhorbairt tuilleadh agus iad a chur i bhfeidhm chun cuidiú le seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a sholáthar don phobal.
- Ár gcumas chun taifid agus faisnéis a bhainistiú go cuimsitheach a fhorbairt chun feabhas a chur ar inniúlacht agus ar eolas eagrúcháin d'fhonn bonn faisnéise a thabhairt don chinnteoireacht inmheánach agus do gheallsealbhóirí seachtracha.
- Ceanglais rialachais agus cuntasachta arna n-éileamh ag reachtaíocht agus ag Cóid Rialachais a chomhlíonadh ionas go mbeidh cáilíocht agus ardfheidhmíocht ag croílár ár modh oibre.

# Ár bhFís, Misean agus Luachanna

## Ár bhFís:


Tá Fís againn de mhaoirseacht póilíneachta den scoth bunaithe ar chearta an duine, a théann chun póilíneacht iontaofa agus sochaí shlán sábháilte a chinntiú.

## Ár Misean:

córas neamhspleách, ardcháilíochta a bhfuil iontaoibh as a sholáthar chun plé le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach a léiríonn meas ar chearta an duine agus a chuireann muinín an phobail asainn chun cinn.

**Ár Luachanna** tá siad ag croílár gach a ndéanaimid agus tugann siad treoir dár gcur chuige ar ár modh oibre. Tugann siad bonn faisnéise dár gcinntí agus don tslí a chaithimid lenár bpáirtithe leasmhara agus dár gcomhghleacaithe.

Taispeántar thíos na croí-luachanna sin agus a gciallaíonn siad dúinn:






# 3 AISTRIÚ AGUS ATHCHÓIRIÚ

# 3. AISTRIÚ AGUS ATHCHÓIRIÚ

> Le foilsiú Scéim an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail i mí Aibreáin 2021 cuireadh athrú agus athchóiriú eagraíochtúil ar bharr chlár oibre GSOC.

## Scéim an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail

Le foilsiú Scéim an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail i mí Aibreáin 2021 cuireadh athrú agus athchóiriú eagraíochtúil ar bharr chlár oibre GSOC. Táthar ag iarraidh leis an dréachtreachtaíocht seo déileáil le moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (COPFI). Déantar foráil sa Bhille do chreat nua do phóilíneacht, slándáil agus sábháilteacht pobail agus do threisiú formhaoirseachta neamhspleáiche seachtraí póilíneachta.

Áirítear ar eochair-mholtaí COPFI leathnú cumhachtaí, neamhspleáchas agus sainchúram GSOC.

Moltar le Scéim Ghinearálta an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail líon áirithe athruithe móra ar tharchur agus cumhachtaí GSOC. Áirítear orthu seo:

- GSOC a athainmniú agus a atheagrú. Moltar go gcuirfí in ionad na samhla triúir ar an gcoimisiún samhail d'Ombudsman/Leas Ombudsman, lena gcinnteofaí go mbíonn ceannasaí soiléir so-aitheanta go poiblí ag an gcomhlacht,
- neamhspleáchas GSOC a atreisiú trí chomhlacht le Vóta a dhéanamh de agus freagrachtaí oifigigh cuntasaíochta bheith ag príomhoifigeach riaracháin nua,
- a shainchúram a tharchur a leathnú agus a athrú,
- láimhseáil thráthúil, éifeachtach gearán agus stiúradh imscrúduithe a chinntiú,
- próisis gearán agus imscrúdaithe a chuíchóiriú,
- cur le roinnt na faisnéise, agus
- formhaoirseacht agus cuntasacht na heagraíochta bunathraithe a threisiú.

## GSOC a Ullmhú don Aistriú

Bíodh is nach bhfuil an Bille tugtha chun críche go fóill, tá GSOC tar éis ullmhúcháin don athchóiriú beartaithe ar an eagraíocht a thosú.

Chun na críche seo, tá GSOC tar éis:

- Foireann Bainistíochta Aistrithe a thiomnaithe a chur ar bun chun aistriú réidh go dtí an eagraíocht agus na feidhmeanna athchóirithe a mhaoirsiú,
- grúpa stiúrtha inmheánach trasfheidhmiúil a bhunú chun céim pleanála an chláir bhunathraithe a threorú,
- sraith seisiún faisnéisithe agus teagmhála foirne a chur ar fáil,
- anailís fhairsing trasfhoirne ar an ndréacht-reachtaíocht a stiúradh chun ceisteanna, deiseanna agus riachtanais a éiríonn as an reachtaíocht mholta a shainaithint,
- tuairimí mionsonraithe ar an mBille a chur faoi bhráid Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas an Oireachtais,
- dul i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara móra maidir leis an mBille.

Le linn na céime ullmhúcháin seo, tá sé léirithe go rachaidh na hathruithe molta i gcion ar gach réimse de GSOC, ó struchtúr na heagraíochta go dtí fáil agus imscrúdú na ngearán. Is éard tá ann go bunúsach ná bunathrú eagraíochtúil, a rachaidh i gcion ar GSOC agus ar an mbealach a ndéanann sé a ghnó. Tá an lear mór oibre atá amach romhainn aibhsithe ag na hullmhúcháin seo d'fhonn an ailtireacht a éilítear leis an mBille a dhearadh. Bíodh is go dtiocfaidh dúshláin in éineacht leis seo, is deis thráthúil é chomh maith do GSOC athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn sé agus deiseanna a shonrú chun freagairt níos fearr a thabhairt ar an dtírdhreach beartais agus ar na páirtithe leasmhara.

## Teagmháil le Déantóirí Beartais

Tá trácht déanta go comhsheasmhach ag GSOC ar an ngá le hathchóiriú agus nua-aoisiú na póilíneachta in Éirinn, agus tá fáilte tríd is tríd curtha aige roimh na

> Is é tuairim GSOC go ndéileálfaidh na moltaí seo le bearna shoiléir a cuireadh in iúl le fada san infreastruchtúr cuntasachta póilíneachta in Éirinn, agus go gcuirfidh siad feabhas suntasach ar éifeachtacht, tráthúlacht agus cothroime na n-imscrúduithe nuair a bheidh siad acmhainnithe i gceart.

leasuithe molta. Is é tuairim GSOC go ndéileálfaidh na moltaí seo le bearna shoiléir a cuireadh in iúl le fada san infreastruchtúr cuntasachta póilíneachta in Éirinn, agus go gcuirfidh siad feabhas suntasach ar éifeachtacht, tráthúlacht agus cothroime na n-imscrúduithe nuair a bheidh siad acmhainnithe i gceart.

Ina theannta sin, d'aibhsigh GSOC líon áirithe réimsí sa reachtaíocht agus i bhfeidhmiú na reachtaíochta a mbeidh aire ar leith de dhíth iontu chun oibriú samhla formhaoirseachta rathúla a chinntiú.

Is iad sin:

- → feabhsú bríoch ar neamhspleáchas institiúideach agus oibriúcháin an Ombudsman póilíneachta athchóirithe a chinntiú, i gcomhréir le moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.
- → a chinntiú go mbíonn fairsingiú cumais agus ábaltachta ann ar chomhchéim leis an bhfairsingiú ar fheidhmeanna agus inniúlachtaí an chomhlachta athchóirithe i bhfoirm acmhainní, pearsanra agus saineolais lena ráthaítear an cumas chun iad a sheachadadh. I rith shaolré GSOC bhí na teorainneacha ar acmhainniú ina gcúis leis na fadhbanna a bhí aige ag comhlíonadh a shainchúraim. Moladh lárnach ag an gCoimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta é go mbeadh GSOC acmhainnithe i gceart.
- → a chinntiú go mbíonn oibleagáidí reachtacha ar na páirtithe eile go léir maidir le trédhearcacht agus comhoibriú, An Garda Síochána agus an Scrúdaitheoir Neamhspleách na Reachtaíochta Slándála atá molta san áireamh, in éineacht leis na hoibleagáidí fairsingithe a bheidh leagtha ar chomhlacht athchóirithe Ombudsman, go háirithe sa mhéid a bhaineann le cur i gcrích tráthúil imscrúduithe agus soláthar faisnéise.

I nDeireadh Fómhair 2021, chuir GSOC tuairimí mionsonraithe ar an ndréacht-reachtaíocht faoi bhráid Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas an Oireachtais mar chuid dá scrúdú réamh-reachtaíochta ar an ndréacht-reachtaíocht. Tháinig na tuairimí seo i ndiaidh athbhreithnithe fhairsing inmheánaigh ar an ndréacht-reachtaíocht, a bhí bunaithe ar na 14 bliana taithí atá againn ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm.

I mí Nollag 2021, d'fhoilsigh GSOC a thuairimí chomh maith, ag cur béime dó ar an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas acmhainnithe agus institiúideach. Shoiléirigh an Cathaoirleach Mary Ellen Ring, ina hagallamh san Irish Times (a foilsíodh in eagrán 4ú Nollaig 2021), an gá le 'truly independent oversight', ag aibhsiú go dtabharfadh na hathruithe molta cumhachtaí GSOC 'into line with other bodies, including the Garda and Revenue'. Chuir sí béim ar an ngá atá ann maidir leis an gcomhlacht formhaoirseachta póilíneachta leasaithe go mbeidís 'given adequate personnel and resources and timely co-operation by Garda and other bodies in its investigations'

## Ag tabhairt aghaidh ar an Todhchaí

Gar do dheireadh 2021, bhí Comhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas an Oireachtais ag tabhairt faoi scrúdú réamh-reachtaíochta ar Scéim Ghinearálta an Bhille. Agus an reachtaíocht seo ag gabháil tríd an Oireachtas, beidh GSOC i gcónaí le fáil do na páirtithe leasmhara ar fad chun tuairimí agus treoir a sholáthar, bunaithe ar a 14 bliana de shaineolas agus léargas ar phóilíneacht agus formhaoirseacht póilíneachta. Tá GSOC ag súil le bheith ag obair lena pháirtithe leasmhara ar fad in 2022, le dlús a chur leis an obair chun na hathruithe a chur i bhfeidhm atá leagtha amach sa dhréacht-reachtaíocht, agus le céimeanna a chur dínn chun fís GSOC a chomhlíonadh, fís de mhaoirseacht póilíneachta den chéad scoth, bunaithe ar chearta daonna a bheidh oiriúnach go straitéiseach agus go lóistíochtúil don fheidhm atá leis, agus atá comhlíontach le caighdeáin acmhainnithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

SEARCH | NEWSLETTERS | CROSSWORD | NOTICES | HELP CENTRE

# THE IRISH TIMES

NEWS | SPORT | BUSINESS | OPINION | LIFE & STYLE | CULTURE

Ireland › Irish News

## Gsoc is not here to put 'gardaí on the rack'

Ombudsman reflects on her time with Gsoc, and on the force's need for truly independent oversight

Sat, Dec 4, 2021, 02:58


Mary Carolan




Judge Mary Ellen believes gardaí do a very difficult job but we give them very serious powers. Photograph: Corporate Photographers Dublin

Slapping an A3 sheet of paper, filled with a blizzard of diagrams and arrows, down on a table, Garda Síochána Ombudsman chairwoman Judge Mary Ellen Ring declares: "We could play snakes and ladders if I had some dice."

Headlined Complaints Process, the paper shows a bewildering collection of 50 or so colour-coded boxes linked by arrows, like a mathematical formula, which sets out the many steps required for the Garda Síochána Ombudsman Commission (Gsoc) to investigate a complaint.



# 4 TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

# 4. TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

In 2021, lainseáil GSOC ár Ráiteas Straitéise 2021-2023, inar leag muid amach ár bhfís, misean, luachanna, torthaí straitéiseacha agus cuspóirí i gcomhair tréimhse a bheidh ina tréimhse athraithe agus aistrithe a shuntasach don eagraíocht. I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leag muid amach chomh maith na ceisteanna lárnacha ceart daonna agus comhionannais atá ábhartha don chaoi a seachadaimid ár bhfeidhmeanna.

I gcomhréir lenár nDualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, leagaimid amach thíos an dul chun cinn atá déanta againn chun déileáil leis na ceisteanna seo in 2021.

## Cearta an Duine agus Comhionannas a chur ag Croílár na Físe againn

Is é feidhm lárnach GSOC déileáil le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, i mbealach éifeachtúil, éifeachtach, cothrom.  Baineann an láimhseáil gearán, an láimhseáil tarchur agus an obair imscrúdaithe a dhéanaimid le cearta raon páirtithe leasmhara, gearánaigh, Gardaí, an pobal mór agus ár bhfoireann féin ina measc. De bharr an chineáil oibre a dhéanann GSOC, ní mór go mbeadh cloí docht le cearta bunúsacha mar thaca fúithi, a gcearta gnásúla siúd atá ag dul faoi imscrúdú, agus cearta na ngearánach cúiteamh a iarraidh as mí-iompar líomhainte, ach go háirithe. Cuirimid béim láidir chomh maith ar chothromas rochtana agus comhionannais ionramhála do gach duine. Táimid feasach ach go háirithe chomh maith ar ár ról féin in oibleagáidí leathana an Stáit faoi Airteagail 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go háirithe i gcomhthéacs an imscrúdaithe a dhéanaimid ar theagmhais lena mbaineann bás nó díobháil thromchúiseach a tarchuireadh chugainn faoi Alt 102 den Acht.

Ar an ábhar seo, tá cearta daonna chun tosaigh ar fad de réir na físe atá leagtha amach ag GSOC ina Ráiteas Straitéise 2021-2023:

"Tá Fís againn de mhaoirseacht póilíneachta den scoth bunaithe ar chearta an duine, a théann chun póilíneacht iontaofa agus sochaí shlán sábháilte a chinntiú."

Ina theannta sin, áirítear ar na nithe bainteach le cearta daonna agus comhionannas arna leagan amach sa Ráiteas Straitéise againn an fócas ar:

- Teagmháil oscailte trédhearcach lenár bpáirtithe leasmhara
- Cur le hinrochtaineacht ár bhfeidhmeanna agus seirbhísí, gníomhaíocht dhearfach chun teagmháil le grúpaí éagsúla mar bhealach amháin chuige sin
- Dínit agus leas na foirne a chaomhnú
- Tógáil ar ilghnéitheacht ár bhfórsa oibre
- Cinntiú go mbíonn lucht foirne iomlán feasach ar na caighdeáin ceart daonna agus comhionannais ata mar bhonn agus mar thaca ag obair GSOC

## An Dul Chun Cinn a Rinneadh in 2021

I gcaitheamh 2021, tá dul chun cinn maith déanta ag GSOC chun dul i ngleic le cuid de na ceisteanna ceart daonna agus comhionannais arna leagan amach sa Ráiteas Straitéise.

Leagann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine oibleagáid ar GSOC a chinntiú go mbíonn a lucht foirne iomlán feasach ar a n-oibleagáidí cearta daonna chun gach duine a shábháil agus a chosaint.
In 2021 rinne muid dul chun cinn maith maidir

> De bharr an chineáil oibre a dhéanann GSOC, ní mór go mbeadh cloí docht le cearta bunúsacha mar thaca fúithi, a gcearta gnásúla siúd atá ag dul faoi imscrúdú, agus cearta na ngearánach cúiteamh a iarraidh as mí-iompar líomhainte, ach go háirithe

le hoideachas agus oiliúint ar chearta daonna dár lucht foirne trínár **Straitéis Foghlama agus Forbartha** a thabhairt chun críche. In 2021 chomh maith cláraíodh 10 mball foirne sna cúrsaí céime agus dioplóma ceart daonna san Institiúid Riaracháin Phoiblí agus in Ollscoil Luimnigh.

Tá na chéad chéimeanna suntasacha curtha dínn againn chun feabhas a chur ar **oscailteacht agus trédhearcacht ár dteagmhála** lenár bpáirtithe leasmhara. Go déanach in 2021, tháinig **Ceannaire Cumarsáide** nua ar bord agus sainchúram aige dul chun tosaigh le forbairt straitéise nua cumarsáide agus teagmhála, plean oibre a bhfuil tosaíocht tugtha dó do 2022.

I gcomhréir leis an dtiomantas inár Ráiteas Straitéise, rinne muid **athbhreithniú iomlán ar ár gCairt Custaiméirí**, chun a chinntiú go léirítear inti ár dtiomantas do chomhionannas, d'ilghnéitheacht agus do dhíothú an idirdhealaithe. Áirítear air seo forbairt sáis nua gearáin. Foilseofar an Chairt in 2022. Tá obair déanta againn in 2021 chomh maith chun **cearta agus comhionannas daonna a chur ag croílár ár mbeartas agus ár nósanna imeachta inmheánacha**, agus áirítear air seo tagairt fhollasach do chearta agus comhionannas daonna inár Ráiteas Straitéise 2021-2023 agus ár Straitéis nua Foghlama agus Forbartha, mar aon le bunú **Aonaid Bainistithe Cáilíochta**.

Le linn na dara bliana dúshlánaí den phaindéim a bhí againn, ba mhó arís an tábhacht a bhain le **hinrochtaineacht ár seirbhísí**. I gcomhthéacs na sriantachtaí agus na ndúntaí oifige, sheachaid muid seirbhís phoiblí iomlán, lena rinne muid deimhin de gur cuireadh cóir ar dhaoine den phobal pé ar bith bealach ba ghá chun gearáin a chur faoinár mbráid. Rinne muid ár suíomh idirlín a nuashonrú chomh maith in 2021 chun é a ailíniú leis na caighdeáin is déanaí ag an tionscal don inrochtaineacht. I gcomhthéacs aistriú GSOC go dtí comhlacht athchóirithe gearán, aithnímid an tábhacht a bhaineann le tuilleadh feabhais a chur ar inrochtaineacht ár seirbhísí agus ar ár gcumarsáidí poiblí, agus beidh an riachtanas seo ina thosaíocht straitéiseach i gcónaí do GSOC agus é ag aistriú .

Féadann na brúnna a bhaineann le feidhmeanna GSOC bheith dúshlánach do bhaill foirne, agus tá na dúshláin seo méadaithe ag an bpaindéim. In 2021, chuir GSOC béim ar leith ar **leas na foirne** ina chur chuige maidir le baic na paindéime a réiteach agus seachadadh seirbhíse a chinntiú. Chuige seo soláthraíodh oiliúint, tacaíochtaí leasa agus deiseanna do spiorad foirne a thógáil i measc an fhórsa oibre agus teagmháil le linn 'Laethanta Cumarsáide' ar líne arna seachadadh ag an Aonad Cumarsáide.

Tá GSOC bródúil as a fhórsa oibre **bríomhar, ilghnéitheach**. Stiúrann GSOC a earcaíocht tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a oibríonn beartas deiseanna comhionanna agus a bhfuil a gcuid oibre faoi réir ag Straitéis fhadtéarmach Comhionannais, Ilghnéitheachta agus Cuimsithe. De réir mar a bhíonn GSOC ag aistriú chun bheith ina chomhlacht méadaithe le sainchúram leathnaithe faoi na leasuithe atá beartaithe, táimid tiomanta d'ilghnéitheacht ár bhfórsa oibre a chaomhnú agus a fheabhsú, agus dona chinntiú go léireoidh sé ilghnéitheacht an phobail ar a bhfónaimid.

# 5. SRACFHÉACHAINT AR 2021

## SEACHADADH SEIRBHÍSÍ GSOC I BHFIGIÚIRÍ

GEARÁIN FAIGHTE **2,189** (12% ARDÚ)

IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL **13** CHEAL GEARÁN

LÍOMHAINTÍ LAISTIGH DE GHEARÁIN **3,760**

TARCHUIR S102 **59** (40% ARDÚ)

TARCHUIR CHOSANTA LEANAÍ CHUIG TUSLA **53** ÉIGEANTACH **103** NEAMH-ÉIGEANTACH

**21** CHOMHAD TARCHURTHA CHUIG DPP

**60** SMACHTBHANNA FORCHURTHA AG COIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA TAR ÉIS GEARÁN

GEARÁIN A DÚNADH **2,078** INA RAIBH **3,878** LÍOMHAIN (21% ARDÚ)

**3,286** GLAO FAIGHTE AG AN UIMHIR ÁITIÚIL

## FOIREANN AGUS BUISÉAD

**123** BHALL FOIRNE

**11.273M** BUISÉAD

## TORTHAÍ INÁR RÁITEAS STRAITÉISE A BHAINT AMACH

**Láimhseáil gearán neamhspleách agus mí-iompar líomhainte Gardaí a Garda chun leas an phobail**

In 2021, agus Éire faoi shrianta breise de bharr na paindéime, lean GSOC dá shainchúram a chur i bhfeidhm: gearáin a fháil ón bpobal agus iad a phróiseáil, imscrúduithe a thionscnamh, agus cásanna a chur i gcrích.

**Seirbhís custaiméara den scoth**

In 2021 lean GSOC de sheirbhís riachtanach a sholáthar don phobal lenar áiríodh:

- **2189** gearán faighte
- **108** iarraidh ar rochtain ar shonraí a phróiseáil
- Ábhar a sholáthar chun freagra a thabhairt ar **49** gceist pharlaiminte
- **70** iarraidh saorála faisnéise a láimhseáil

**Eagraíocht ardfheidhmíochta a bhfuil meas uirthi**

In 2021, rinne GSOC:

- A Ráiteas Straitéise 2021-2023 a fhoilsiú
- Aonad Bainistithe Cáilíochta a bhunú
- Clár nua Foghlama agus Forbartha a chur ar bun

**Aistriú réidh chuig comhlacht comharba GSOC**

Bliain mhór a bhí in 2021 maidir le todhchaí GSOC nuair a foilsíodh Scéim an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail. I rith 2021, rinne GSOC:

- Tionscadal Aistrithe a bhunú chun athchóiriú institiúide a threorú agus chun oibriú le baill foirne ar na dúshláin agus deiseanna a chruthaíonn sé
- Plé le páirtithe leasmhara sa Roinn agus san Oireachtas
- A thuairimí faoin Bille a fhoilsiú

## IMEACHTAÍ SUNTASACHA

I mí Feabhra 2021, cheap an tUachtarán beirt Choimisinéirí nua chuig GSOC: an tUas. Emily Logan agus an tUas. Hugh Hume

Foilsíodh Scéim an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail i mí Aibreáin 2021 inar leagadh amach reachtaíocht nua bheartaithe chun GSOC a athchóiriú agus chun a shainchúram a leathnú


Tháinig deireadh le téarma An Bhreithimh Mary Ellen Ring mar Chathaoirleach GSOC i ndiaidh dul isteach san eagraíocht i mí Lúnasa 2015

D'fhaomh an Chomh-aireacht ainmniúchán an Bhreithimh Rory MacCabe mar chomhalta agus mar an chéad Cathaoirleach eile ar GSOC

Léirigh GSOC ceannaireacht idirnáisiúnta in 2021 mar chomhalta gníomhach de na comhlachtaí seo:

- **Líonra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithireachta (NEIWA)**
- **The Independent Police Complaints Authorities Network (IPCAN)**
- **Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta (EPAC)**

## IMSCRÚDUITHE A OSCLAÍODH DE RÉIR CINEÁIL




- Imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94(1)) 40%
- Imscrúdú coiriúil ag GSOC (a.98) 41%
- Imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95) 8%
- Imscrúdú araíonachta ag an nGarda Síochána faoi mhaoirseacht GSOC (a.94(5)) 9%
- Scortha roimh don imscrúdú bheith tionscanta 2%



# 6 RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

# 6. RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

## Rialachas agus Struchtúr

Cuireadh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ar bun faoi Acht an Gharda Síochána, 2005. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach in Alt 67 den Acht seo.

### Coimisiún an Ombudsman

Tá Coimisiún an Ombudsman déanta suas de thriúr comhaltaí, duine díobh ceaptha mar Chathaoirleach. Ní mór go mbeadh fear amháin ar a laghad agus bean amháin ar a laghad i measc an triúir comhaltaí. Is é an tUachtarán a cheapann gach comhalta de Choimisiún an Ombudsman tar éis a n-ainmnithe ag an Rialtas agus tar éis rúin bheith rite tríd an dá Theach den Oireachtas ag moladh go gceapfaí iad. In 2021, bhí Coimisiún an Ombudsman déanta suas de:

An Breitheamh Mary Ellen Ring (Cathaoirleach – Tháinig deireadh le téarma an Bhreithimh Ring ar 11 Nollaig 2021),

An tUas Hugh Hume (Ghlac an tUas Hume lena cheapachán i mí Feabhra 2021),

An tUas Emily Logan (Ghlac an tUas Logan lena ceapachán i mí Feabhra 2021).

#### Rialachas

Tá Coimisiún an Ombudsman freagrach as rialú agus stiúradh an Gharda Síochána, agus as rialachas maith a chinntiú agus tá sé cuntasach as sin don Aire Dlí agus Cirt.

#### Freagrachtaí agus Cuspóirí

Leagtar amach in Ailt 65 go 67 comhaltacht, téarmaí agus coinníollacha, ceapachán, feidhmeanna agus cuspóirí Choimisiún an Ombudsman. Mar aon lena fheidhmeanna agus cuspóirí reachtacha, áirítear i measc a fhreagrachtaí chomh maith:

- Rath GSOC a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí GSOC a threorú agus a stiúradh;
- treoir straitéiseach a chur ar fáil do GSOC mar aon le comhlíonadh a fheidhmeanna tarmligthe a mhonatóiriú agus a mhaoirsiú;
- treo straitéiseach, pleananna móra aicsin, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú;
- cuspóirí feidhmíochta a shocrú, feidhmiú agus feidhmíocht a mhonatóiriú, agus cinntí móra maidir le caiteachas caipitil a mhaoirsiú;
- gníomhú ar bhonn lánfheasach, eiticiúil, go hionraic, le díograis agus cúram cuí, agus ar mhaithe le GSOC, faoi réir ag cuspóirí arna leagan síos ag an Rialtas;
- forbairt chumas GSOC a chur chun cinn, cumas a lucht ceannais agus a lucht foirne san áireamh, agus
- an lucht bainistíochta sinsearach a thabhairt chun cuntais maidir le feidhmiú éifeachtach a ndualgais agus a bhfreagrachtaí tharmligthe.

Forchoimeádtar cinntí tábhachtacha áirithe don Choimisiún, ina measc:

- Faomhadh a thabhairt do thionscadail caipitil;
- Leibhéil údaráis tharmligthe a chur ar bun, beartais bhainistíochta airgeadais agus beartais bhainistíochta riosca;
- Faomhadh a thabhairt do théarmaí conarthaí móra;
- Faomhadh a thabhairt d'éadálacha suntasacha, diúscairtí agus scor sócmhainní;
- Faomhadh a thabhairt do bhuiséid bhliantúla;
- Ráthaíochtaí i dtaca le comhlíonadh riachtanas reachtach agus riaracháin maidir le faomhadh líon, grádaithe, agus coinníollacha ceapacháin na foirne ar fad;
- Straitéis na heagraíochta a shocrú, agus
- Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais a thabhairt amach.

### Cruinnithe Choimisiún an Ombudsman

In 2021, tháinig Coimisiún an Ombudsman le chéile go foirmiúil uair sa mhí, ach amháin i mí Lúnasa.

**Tábla A: Freastal ar Chruinnithe Míosúla na gCoimisinéirí 2021**

| Cruinnithe Choimisiún an Ombudsman in 2021 | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Líon cruinnithe ar ar freastalaíodh.** |
| An Breitheamh Mary Ellen Ring | Cathaoirleach | 10 |
| An tUas Hugh Hume | Coimisinéir | 9 |
| An tUas Emily Logan | Coimisinéir | 10 |
| An tUas Darren Wright[1] | Stiúrthóir Oibríochtaí | 7 |
| An tUas Aileen Healy | Stiúrthóir Riaracháin | 10 |
| An tUas Claire O'Regan[2] | Ceannasaí Gnóthaí Dlí | 7 |

## An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta

Tá an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta (SMT), iad ag tuairisciú don Choimisiún, freagrach as bainistiú na heagraíochta ó lá go lá.

Tá an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta déanta suas de:

- An tUas Aileen Healy, Stiúrthóir Riaracháin;
- An tUas Darren Wright, Stiúrthóir Oibríochtaí / Ceannasaí Eolais & Bainistithe Cáilíochta;
- An tUas Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí;
- An tUas Nick Harden, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí;
- An tUas Jon Leeman, Leas-Stiúrthóir Gníomhach Oibríochtaí;
- An tUas George O'Doherty, Leas-Stiúrthóir Riaracháin; agus
- An tUas Claire O'Regan, Ceannasaí Gnóthaí Dlí.

## Feidhmíocht a sheachadadh agus formhaoirseacht

I mí Iúil 2021, shínigh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt Comhaontú Formhaoirseachta do 2021-22, de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Leagtar amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta an creat ginearálta rialachais agus cuntasachta riaracháin a oibríonn GSOC laistigh de, agus sainmhínítear leis na príomhróil, freagrachtaí agus tiomantais reachtacha agus riaracháin atá mar bhonn agus mar thaca leis an gcaidreamh idir GSOC agus an Roinn. Leagtar amach sa Chomhaontú freisin na socruithe i gcomhair rialachais éifeachtaigh, cistithe agus riaracháin ghinearálta GSOC de réir an Chóid. Maolú nó eisceacht ar bith ón gCód tá sé comhaontaithe leis an Roinn agus leagtha amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta.

Ar an dáta céanna, shínigh an dá chomhlacht Comhaontú um Fheidhmíocht a Sheachadadh

1. Tháinig deireadh le téarma an Uas Wright mar Stiúrthóir Oibríochtaí ar 08 Meán Fómhair 2021, agus ansin chuaigh sé i gceann poist mar Cheannasaí Eolais agus Bainistithe Cáilíochta
2. Ghlac an tUas O'Regan lena ceapachán le héifeacht ó 01 Márta 2021.

do 2021 a bhí leithleach ach comhlántach don Chomhaontú Formhaoirseachta, é i gcomhréir chomh maith le forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Leagadh amach sa Chomhaontú seo, i gcomhthéacs na n-ionchur acmhainne arna soláthar ag an Roinn, an mhéadracht agus na spriocanna gaolmhara ar tomhaiseadh feidhmíocht GSOC dá réir in 2021.

### Bainistiú cáilíochta

Tá Bainistiú Cáilíochta mar phríomhthosaíocht ag GSOC, i gcomhréir lenár n-aidhmeanna straitéiseacha ardleibhéil, feidhm neamhspleách láimhseála gearán agus imscrúdaithe a sholáthar, bheith inár n-eagraíocht ard-fheidhmíochta a bhfuil ard-chlú uirthi, agus seirbhís custaiméirí den scoth a sheachadadh.

Ag deireadh 2020, thug GSOC faoi athbhreithniú chun deiseanna chun feabhas a chur ar phróisis inmheánacha a bhíonn ina dtaca le feidhmíocht ardcháilíochta ar fud na heagraíochta a shainaithint, agus chun cur chuige i leith bainistithe cáilíochta a fhorbairt. Mar thoradh air sin, bunaíodh Aonad Bainistithe Cáilíochta agus sainchúram air creat cáilíochta a fhorbairt, comhlíonadh caighdeáin cháilíochta a chur ar bun agus a mhonatóiriú, feasacht a ardú ar an tábhacht a bhaineann le seirbhís custaiméirí den scoth a sholáthar agus chun ráthaíocht a thabhairt maidir le cáilíocht obair GSOC agus lena chomhlíontacht le hoibleagáidí reachtacha agus le hoibleagáidí eile.

## Airgeadas

### Cistiú

Cistítear GSOC trí dheontas bliantúil ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta agus do chistiú a soláthraítear don Choimisiún.

Ceanglaítear ar GSOC faoi Alt 77 den Acht gach cuntas is cuí agus is gnáth a choimeád ar an airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, i bpé foirm a bheidh faofa ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as taifid leordhóthanacha cuntasaíochta a choimeád lena nochtfar, go réasúnta cruinn am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. Tá an Cathaoirleach freagrach as cuntais GSOC a ullmhú.

### Caiteachas in 2021

Fuair GSOC leithdháileadh cistithe de €11.272 milliún ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt do 2021. Le linn na bliana, tar éis pléití leis an Roinn, comhaontaíodh go mbainisteodh an Roinn an cistiú foriomlán laistigh den Vóta sa chaoi go bhféadfadh GSOC caiteachas breise a thabhú timpeall ar €300,000 in 2021. Bhí sé seo ag teastáil chun acmhainní breise a chur ar fáil chun freastal ar ualach breise oibre nach beag ag éirí as líon méadaithe gearán agus castacht mhéadaitheach na nithe a bhí á n-imscrúdú ag GSOC. B'ionann dá bharr seo cistiú foriomlán GSOC in 2021 agus €11.572m.

Thoiligh an Roinn chomh maith riachtanais cistithe do GSOC a bhreithniú mar chuid de phróiseas Meastachán 2022, rud as a dtáinig méadú 18.9% de €2.133 milliún go €13.406 milliún ar an leithdháileadh cistithe do 2022.

B'ionann caiteachas iomlán GSOC in 2021 agus €11.611 milliún anailísithe de réir catagóire caiteachais, mar a léirítear i dTábla B.

**Tábla B: Caiteachas GSOC 2021**

| Catagóir | 2021 Buiséad € | Fo-cheannteideal Caiteachais | 2020 Caiteachas € |
|---|---|---|---|
| Pá | 8,338,833 | A01 - Pá & Liúntais | 7,830,439 |
| Neamh-phá | 2,933,674 | A02 – Taisteal & Cothabháil | 111,327 |
| | | A03 – Costais Theagmhasacha | 844,192 |
| | | A04 – Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide | 129,450 |
| | | A05 - Trealamh Oifige agus Soláthar Oifige Eile | 873,881 |
| | | A06 - Costais Oifige & Áitribh | 1,822,028 |
| **Iomlán** | **11,272,507** | | **11,611,317** |

### Príomhfhoireann bainistíochta

B'ionann iomlán na dtuarastal a d'íoc Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le príomhfhoireann bhainistíochta agus €524,963.

### Táillí nach bhfuil bainteach le tuarastal

Níor íocadh aon Táillí nach raibh bainteach le tuarastal i leith chomhalta de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána do 2021.

### Sochair fostaithe

Léirítear i dtábla C an líon fostaithe a íocadh leo in 2021 sochar fostaí iomlán mar atá leagtha amach i ngach aon cheann de na bandaí pá seo a leanas (áirítear ar na figiúirí seo tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear orthu ÁSPC an fhostóra):

### Costais agus socraíochtaí comhairleachta agus dlí

Áiríodh ar an gcaiteachas in 2021 costas comhairle seachtraí do lucht bainistíochta agus comhairle ghinearálta dlí a fuair Ombudsman an Gharda Síochána arbh ionann é agus €105,042.

B'ionann an caiteachas bainteach le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí eadráin bainteach le conarthaí le tríú páirtithe agus €220,299 in 2021.

Níl na ráitis airgeadais, an Ráiteas faoi Rialachas Inmheánach i GSOC thíos ina measc, imscrúdaithe go fóill ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus dá bhrí sin tá an fhaisnéis airgeadais atá soláthartha sa tuarascáil seo sealadach i gcónaí.

## Timpeallacht an Rialaithe Inmheánaigh

### An córas rialaithe inmheánaigh

Tá córas agus nósanna imeachta láidir, éifeachtach rialaithe inmheánaigh ar bun i GSOC chun a chinntiú go gcomhlíonfar, mar is cuí, prionsabail, riachtanais agus treoirlínte ábhartha nósanna airgeadais an rialtais agus an Chóid Chaiteachais Phoiblí, agus chun riosca a mhaolú. Tugtar faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh gach bliain chun a chinntiú go bhfuil machnamh déanta ar gach gné den bhainistíocht riosca agus den chóras rialaithe inmheánaigh, agus chun dóthain ráthaíochta a chur ar fáil maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh chun na príomhrioscaí atá ann ó dhúchas a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

**Tábla C: Briseadh Síos de Shochair Fostaí**

| Raon | | Líon Fostaithe |
|---|---|---|
| **Ó Go** | **2021** | **2020** |
| €60,000 - €69,999 | 21 | 21 |
| €70,000 - €79,999 | 16 | 14 |
| €80,000 - €89,999 | 3 | 4 |
| €90,000 - €99,999 | 5 | 3 |
| €100,000 - €109,999 | 2 | 2 |
| €110,000 - €119,999 | 1 | - |
| €120,000 - €129,999 | 2 | - |
| €130,000 - €139,999 | - | - |
| €140,000 - €149,999 | - | 3 |
| €150,000 - €159,999 | 1 | - |

## Iniúchadh

Tá ráitis airgeadais GSOC faoi réir ag iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá socruithe curtha ar bun chun leas a bhaint as Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt, a thuairiscíonn chuig Coiste Iniúchta agus Riosca na Roinne. Tugann Aonad Iniúchta Inmheánaigh faoi iniúchtaí ar rialúcháin inmheánacha GSOC agus tuairiscíonn sé chuig an gCoimisiún agus chuig Coiste Iniúchta agus Riosca na Roinne gach bliain.

Chinn an Coimisiún i mí Feabhra 2021, ar mhaithe le rialachas maith, Coiste Iniúchta agus Riosca dá chuid féin a bhunú chun bainistiú riosca agus rialúchán inmheánach san eagraíocht a mhaoirsiú, agus chun ráthaíocht neamhspleách a chur ar fáil don Choimisiún maidir leis an rialachas, leis na córais rialaithe inmheánaigh agus leis an mbainistiú riosca i GSOC.

Cuirtear san áireamh leis an gcinneadh seo go bhfuil sé i gceist faoi Scéim Ghinearálta an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail, de bhun moltaí a rinne an Coimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, go maoineofaí an comhlacht nua Ombudsman ó Vóta den Státchiste. Mar chuid d'ullmhúcháin GSOC do na hathruithe seo, beidh tairbhe ag baint le bunú luath Choiste Iniúchta agus Riosca chun formhaoirseacht a ghlacadh ar bhunú an Vóta agus ar na socruithe ghaolmhara rialachais agus comhairle a thabhairt ina leith sin, mar aon le maoirsiú a dhéanamh ar bhunathrú ginearálta struchtúr agus próisis na heagraíochta agus an riosca a ghabhfaidh leis sin a bhainistiú. Tá socruithe ar siúl chun an Coiste a bhunú go luath in 2022.

### Bainistiú riosca

Tá Beartas Bainistithe Riosca ar bun ag GSOC lena n-áirítear Príomhoifigeach Riosca a bhfuil freagracht fhoriomlán air as bainistiú riosca. Le Clár Rioscaí GSOC, sainaithnítear rioscaí sonracha, mionsonraítear na rialuithe agus na bearta is gá chun na rioscaí sin a mhaolú agus sannann freagracht as an maolú sin agus as na rialuithe a oibriú. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an mBeartas Bainistithe Riosca agus le hathbhreithniú mionsonraithe ar an gClár Riosca in 2021.

## Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh i GSOC

Admhaíonn Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána leis seo an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear sa chuntas sa fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní thugann an córas rialaithe inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Tá an Coimisiún deimhin de go bhfuil na córais atá ar bun aige réasúnta, agus cuí i dtosca an Choimisiúin i bhfianaise méid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne, agus nádúr oibríochtaí an Choimisiúin.

### Timpeallacht an Rialaithe Inmheánaigh

Tá na céimeanna seo a leanas déanta chun timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú:

- Tá caidrimh inmheánacha tuairiscithe sannta go soiléir;
- Tá freagrachtaí bainistíochta sannta go soiléir agus curtha in iúl idir an Stiúrthóir Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha agus an Fhoireann Airgeadais;
- Is faoi na bainisteoirí líne atá na cinntí maidir le caiteachas agus comhaltaí an Choimisiúin i gcomhréir le tairseacha faofa caiteachais;
- Baineadh leas as socruithe comhroinnte seirbhíse maidir le soláthar líon áirithe seirbhísí bainistíochta airgeadais agus seirbhísí eile do GSOC:
  - → Chuir an Roinn Dlí agus Cirt seirbhís íocaíochta gníomhaireachta ar fáil;
  - → Phróiseáil an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla, atá ina chuid den Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte, éilimh párolla agus taistil agus cothabhála.
  - → Chuir an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil seirbhísí iniúchta inmheánaigh, coimeád cláir sócmhainní seasta, ordaithe ceannachán agus comhdaithe cánach.
- Nuair a bhíonn gá leis, faightear seirbhísí breise ó sholáthraithe seachtracha chun na seirbhísí seo a fhorlíonadh;
- Tá nósanna imeachta agus rialúcháin airgeadais ar bun atá láidir agus tá comhlacht seachtrach cuntasaíochta fruilithe chun ráitis airgeadais GSOC a ullmhú.
- Tá córais ar bun ag GSOC i gcomhair mhonatóireacht an riosca agus, chun déileáil leis na rioscaí a tháinig aníos i gcaitheamh 2021, a mhéid is féidir i bhfianaise na timpeallachta oibríochta.

Tháinig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le chéile go foirmiúil chun a fhreagrachtaí rialachais a chomhlíonadh ar 11 ócáid in 2021.

### Creat Riosca agus Rialúcháin, Bainistíochta Riosca

Tá próisis curtha ar bun ag na gCoimisiún chun rioscaí gnó agus airgeadais a shainaithint agus a luacháil trí Chlár Riosca agus Beartais Bainistíochta Riosca a chur ar bun chun:

- Nádúr agus réim na rioscaí airgeadais agus oibríochta a shainaithint;

- An fhéidearthacht go dtarlódh rioscaí a mheasúnú;
- An cumas bainistíochta i leith na rioscaí a thagann chun cinn a luacháil agus a mheasúnú;
- Rioscaí a scrúdú i gcomhthéacs spriocanna straitéiseacha;
- Bearta a chur ar bun chun rioscaí a mhaolú; agus
- Tuairisciú maidir le rioscaí go rialta.

Áirítear le próiseas bainistithe riosca GSOC:

- Príomhoifigeach Riosca ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus as an gCoimisiún a choinneáil ar an eolas faoi rioscaí ardleibhéil agus iad a mhaolú;
- Beartas Bainistithe Riosca ina leagtar amach na próisis atá ar bun chun rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- Clár Rioscaí ina dtugtar mionsonraí ar rioscaí agus ar a maolú agus a choinnítear cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Leis an gclár sin, sainaithnítear rioscaí sonracha, mionsonraítear na rialuithe agus na bearta is gá chun na rioscaí sin a mhaolú agus sannann freagracht as an maolú sin agus as na rialuithe a oibriú.

Mír fhoirmiúil ar chlár cruinnithe míosúla an Choimisinéara is ea an riosca, agus mír sheasta ar chlár cruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta (SMT).

Bhí Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána san áireamh ar shainchúram Choiste Iniúchta agus

Riosca na Roinne Dlí agus Cirt i gcaitheamh 2021. In 2021, chinn an Coimisiún ar Choiste Iniúchta agus Riosca dá chuid féin a bhunú in 2022 chun bainistiú riosca agus rialúchán inmheánach san eagraíocht a mhaoirsiú, agus chun comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cúrsaí iniúchta, rialachas agus riosca.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar raon beart rialaithe, ar a n-áirítear bainistiú na faisnéise, nósanna imeachta riaracháin agus córas tarmligin agus cuntasachta. Cuimsítear leis seo ach go háirithe:

- Buiséadú cuimsitheach agus buiséad bliantúil a athbhreithníonn an bhainistíocht shinsearach go rialta;
- Na tuarascálacha míosúla airgeadais bheith curtha faoi bhráid an Stiúrthóra Riaracháin lena n-athbhreithniú; agus
- Faisnéis airgeadais bheith athbhreithnithe go rialta ag an gCoimisiún agus ag Seirbhísí Corparáideacha.

Tá sásraí bunaithe chun leordhóthanacht shlándáil fhaisnéis an Choimisiúin (go hinmheánach laistigh de GSOC) agus chórais cumarsáide agus teicneolaíochta a chinntiú.

**Teagmhais de Teipeanna Suntasacha Rialaithe**

In 2021, ag gníomhú dó mar fhreagairt ar fholáireamh ginearálta comhairleach ón Lárionad

Cibearshlándála Náisiúnta (NCSC), sainaithníodh le hathbhreithniú ar na córais ábhartha TFC arna stiúradh ag GSOC soghontacht fhéideartha bainteach le hiarracht ar theagmhas cibearshlándála. Ag obair dúinn in éineacht leis an NCSC, rinneadh scrúdú iomlán ar chórais GSOC. Ní bhfuarthas leis an scrúdú seo aon sárú ná caillteanas faisnéise nó sonraí GSOC. Tháinig NCSC ar an tátal chomh maith gur shainaithin, gur choimeád faoi smacht agus gur réitigh GSOC an teagmhas trí bhearta cearta, cuí maolaithe a ghlacadh go tráthúil, éifeachtúil.

Glacann GSOC ceist na slándála i ndáiríre agus tá próisis ar bun aige chun déileáil go pras le teagmhais den saghas seo. Ag éirí as an teagmhas seo, tá GSOC tar éis gníomh a ghlacadh maidir le moltaí a rinne NCSC uasghrádú a dhéanamh ar ár gcórais chun monatóireacht rabhadh fíor-ama, brath agus bearta coisc a sholáthar.

**Comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí**

Tá nósanna imeachta ar bun ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair a chinntiú de réir mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. I rith 2021, chomhlíon Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána na nósanna imeachta sin taobh amuigh de chás inar soláthraíodh earraí agus seirbhísí dar luach €14,638 i leith ceadúnaithe chun cóir a chur ar imscrúdú sainiúil práinneach a bhí íogair agus gur theastaigh úsáid córais leithligh dó. Ina theannta sin, fuarthas seirbhísí dar luach €41,582 faoi imthosca eisceachtúla gan phróiseas tairisceana, i gcomhairle leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, chun athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar chórais TFC tar éis soghontachta féideartha bainteach le hiarracht ar theagmhas cibearshlándála.

**COVID-19**

Bhí Coimisiún an Ombudsman feasach ar an bpoitéinseal do laigí sna rialúcháin inmheánacha mar thoradh ar COVID-19 in 2021 agus tá bearta glactha aige chun rialúcháin inmheánacha a mhonatóiriú agus a nuashonrú áit is gá.

**Faomhadh ón gCoimisiún**

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.
Tá cinnteacht réasúnta ag an gCoimisiún go raibh an córas rialaithe inmheánaigh a cuireadh i bhfeidhm agus a feidhmíodh i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána don bhliain airgeadais dar chríoch 31ú Nollaig 2021 éifeachtach.



Sínithe
An Breitheamh Rory MacCabe, Abhcóide Sinsearach
Cathaoirleach


Complaint - Message (HTML)
Hi,
I am writing to complain about the way I was treated by a garda yesterday when I went to my local garda station to report
LATITUDE E5410
DELL

# 7 FOIRNIÚ

# 7. FOIRNIÚ

De réir alt 71 (3) den Acht is Státseirbhísigh i Státseirbhís an Stáit iad oifigigh de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Foráiltear le halt 71 (4) den Acht gurb é Coimisiún an Ombudsman an t-údarás cuí (laistigh de bhrí Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956 agus Achtanna Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 go 1996) i leith a chuid oifigeach.


Amhail 31 Nollaig 2021, bhí 123 duine foirne ag GSOC in ionad lín iomláin de 135. Bhí próisis earcaíochta ar siúl chun líon áirithe folúntas a líonadh.

Léirítear le Cairt 1 struchtúr eagraíochta agus acmhainní ag 31 Nollaig 2021.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (NSSO) svuít seirbhísí AD, bainistithe feidhmíochta, riarachán párolla agus pinsean thar ceann GSOC faoi Chomhaontú ar leibhéal Seirbhíse.

In 2016, bhunaigh GSOC beartas agus nósanna imeachta dá lucht foirne féin chun nochtuithe a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní bhfuarthas aon nochtuithe inmheánacha faoin mbeartas seo in 2021.

**Cairt 1: struchtúr eagraíochtúil agus acmhainne foirne GSOC ag 31 Nollaig 2021**




## Foghlaim agus Forbairt

Mar an gcéanna le 2020, lean GSOC air i gcónaí ag soláthar oiliúna agus forbartha dá lucht foirne in 2021 arna soláthar ar an mór gcóir trí bhealaí r-Fhoghlama mar gheall ar COVID-19, agus bhain an fhoireann leas as deiseanna inmheánacha agus seachtracha oiliúna agus foghlama, iad siúd a chuir Seirbhís Fhoghlama Chomhroinnte na Státseirbhíse ar fáil san áireamh.


In 2021, d'éascaigh an tAonad le 48 gcúrsa nó clár dhifriúla oiliúna do lucht foirne GSOC, 25 díobh arna soláthar ag Seirbhís Fhoghlama Chomhroinnte na Státseirbhíse. D'fhreastail iomlán de 102 lucht foirne ar cheann amháin de na cúrsaí seo nó ar níos mó ná sin.

Áiríodh ar an oiliúint a cuireadh ar fáil do lucht foirne GSOC in 2021:

- Oiliúint Agallaimh Imscrúdaithe;
- Teastas Gairmiúil i nDlí agus Cleachtas na Sceithireachta;
- Dlí na gCeart Daonna in Éirinn;
- Oiliúint i Measúnú Thionchar na Cosanta Sonraí;
- Déileáil le Glaoiteoirí Deacra/Soghonta;
- Sláinte & Sábháilteacht;
- Cúrsaí éagsúla Microsoft Word agus Excel san áireamh.

Ina theannta sin, lean GSOC lena bheartas tacú le líon áirithe de bhaill foirne GSOC a chuaigh le cúrsaí oideachasúla agus oiliúna ina n-am féin agus de réir na scéime aisíocaíochta táillí a bhfuil foráil déanta dó faoi Chiorclán DPER 23/2007. Leagtar amach sa chiorclán seo na socruithe chun éascú le Ranna agus Oifigí Rialtais leibhéil chuí scileanna agus saineolais a thógáil, agus tacú le hiarrachtaí oifigeach i réimse na féin-fhorbartha agus na foghlama ar feadh an tsaoil. Trí thacú le lucht foirne sa bhealach seo, tá GSOC tiomanta don riachtanas leanúnach scileanna nua agus modhanna nua oibre a fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht áite oibre san

*D'éag oifig an Chathaoirligh an 11 Nollaig 2021. Ceapadh Cathaoirleach nua an 19 Eanáir 2022.




eagraíocht, mar aon lena aithint gur infheistíocht fhiúntach é cabhrú le forbairt gairmréime lucht foirne.

I measc na gcúrsaí ar thug lucht foirne GSOC fúthu faoin scéim Aisíocaíochta Táillí:

- Dioplóma i Síceolaíocht na hIompraíochta Coiriúla;
- BA sa Dlí;
- MA sa Cheartas Coiriúil;
- Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Cibearchoireacht.

Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar a chlár oiliúna in 2021, chuir GSOC i bhfeidhm a Straitéis nua Foghlama & Forbartha do 2021-2023 sa ráithe dheiridh de 2021. Is é is aidhm ag an straitéis seo ná na scileanna oiliúna agus na deiseanna forbartha riachtanacha a sholáthar do lucht foirne sa chaoi go bhféadfar cuspóirí GSOC, mar atá siad leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2021-2023 a bhaint amach. Beidh fócas ag an straitéis ar infheistiú i gcónaí in idirghabhálacha foghlama cuí, ábhartha, agus ar chultúr foghlama agus forbartha a neadú i GSOC trína chinntiú go dtagann an fhoghlaim agus an fhorbairt chun bheith ina bpríomhghnéithe den phróiseas pleanála gnó.

Mar chéad chéim i bhfeidhmiú na straitéise nua seo, tá a Choiste Comhordaithe Oiliúna athbhunaithe ag GSOC chun riachtanais oiliúna agus forbartha lucht foirne ar fud eagraíochta GSOC ar fad a shainaithint, agus chun feidhmiú cláir oiliúna agus forbartha a chomhordú, ag tosú go luath in 2022, chun a chinntiú go mbíonn na hinniúlachtaí, an t-eolas agus na scileanna ag foireann GSOC chun feidhmeanna reachtacha GSOC a chur i gcrích de réir an dea-chleachtais agus chun riachtanais amach anseo a shásamh.




# 8 GEARÁIN

# 8. GEARÁIN

## An Chaoi a bhFaigheann agus a n-Imscrúdaíonn GSOC Gearáin

Leagtar amach in Ailt 83 go 101 den Acht an chaoi a ndéantar gearáin ina líomhnaítear mí-iompar ag an nGarda chuig GSOC. Chun go gceadóidh GSOC gearán caithfidh go mbeidh mí-iompar an Gharda, mar a chreideann tú, bheith imithe i gcion ort go díreach, caithfidh tú bheith i d'fhinné ar an mí-iompar líomhainte nó féadann tú gearán a dhéanamh thar ceann duine eile má bhíonn toiliú faighte agat. Tá roinnt bealaí ann le gearáin a dhéanamh do GSOC, bíodh sé sin foirm ghearáin GSOC1 a chomhlánú ar líne, i scríbhinn, tríd an bpost, via r-phost nó via comhfhreagras ó stáisiúin Garda.

### Inghlacthacht

Measúnaítear gach gearán a fhaigheann GSOC in aghaidh liosta de chritéir arna leagan amach in alt 87 den Acht. Mura sásaíonn gearán na critéir ní cheadóidh GSOC é agus measfar nach bhfuil sé inghlactha.

Caithfidh gearán na critéir seo a leanas a shásamh chun go ndéanfar é a imscrúdú:

- Caithfidh go mbeidh sé déanta ag (nó, i dtosca áirithe, thar ceann) duine a bhfuil an iompraíocht is ábhar don ghearán imithe i gcion go díreach air, nó atá mar fhinné air;
- Caithfidh go mbainfidh sé le hiompraíocht ag comhalta den Gharda Síochána a bheadh ina chion coiriúil nó ina shárú ar araíonacht an Gharda dá gcruthófaí gur tharla sé;
- Caithfear é a dhéanamh laistigh de bhliain amháin tar éis an teagmhais is ábhar don ghearán;
- Ní ceadaithe dó bheith suaibhreosach ná cráiteach;
- Ní ceadaithe dó bheith bainteach le stiúradh agus rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir na nGardaí;
- Ní ceadaithe dó bheith bainteach le hiompraíocht comhaltaí den Gharda Síochána nuair nach raibh an comhalta ar dualgas, mura rud é go dtarraingeodh an t-iompar a líomhnaítear, dá gcruthófaí gur tharla sé, míchlú ar an nGarda Síochána.

### Cineálacha gearán

#### Araíonacht

Imscrúdaítear gearáin a fhaigheann GSOC a bhaineann le sáruithe líomhainte araíonachta faoi alt 94 nó 95 den Acht. Faoin reachtaíocht reatha, féadtar sáruithe araíonachta a imscrúdú i gceann amháin de na bealaí seo:

→ Imscrúduithe gan Mhaoirseacht, tarchuirtear don Gharda Síochána iad lena n-imscrúdú agus is é an tOifigeach Sinsearach Imscrúdaithe (GSIO) mar atá leagtha amach san Acht a bhainistíonn iad. Caithfidh na himscrúduithe seo bheith tugtha chun críche laistigh de scála ama 16-sheachtain.

Bíonn imscrúduithe gan mhaoirseacht faoi réir ag sásraí athbhreithnithe má bhíonn an gearánach míshásta leis an toradh. Féadann tú iarraidh a dhéanamh an t-imscrúdú a athbhreithniú faoi alt 94(10) den Acht.

→ Imscrúduithe faoi Mhaoirseacht, stiúrann comhalta ag céim Ceannfoirt iad agus maoirsíonn GSOC iad. Caithfidh na himscrúduithe seo bheith tugtha chun críche laistigh de scála ama 20 seachtain.

→ Imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC, a dhéanann imscrúdaitheoirí GSOC féin. Is minic a thagann imscrúduithe dá leithéid sin chun cinn nuair a shainaithnítear ceisteanna araíonachta nó ceisteanna córasacha beartais le linn imscrúdaithe choiriúil, agus gur gá na ceisteanna sin a fhiosrú go leithleach. Déileáiltear leo seo faoi alt 95 den Acht.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe araíonachta.

### Coiriúil

Imscrúdaíonn imscrúdaitheoirí de chuid GSOC gearáin ar bith a mbíonn líomhaintí de chineál coiriúil in aghaidh Gardaí i gceist leo. Déantar imscrúduithe den saghas seo faoi alt 98 den Acht. Agus iad ag stiúradh imscrúduithe coiriúla, bíonn lánchumhachtaí póilíneachta ag imscrúdaitheoirí GSOC, ar aon chéim leis na cumhachtaí, díolúintí agus pribhléidí ar fad atá bronnta, agus na dualgais ar fad atá leagtha, ar chomhaltaí den Gharda Síochána.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe coiriúla.

### Ár dTionscnamh Idirghabhála Áitiúla

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla ar bhonn píolótach in 2018, agus is cuid lárnach anois é den chaoi ina láimhseálaimid gearáin. Tá sé mar aidhm aige mionghearáin ag leibhéal seirbhíse a réiteach ag leibhéal áitiúil, gan gá le himscrúdú foirmiúil. Is gnách go mbaineann gearáin dá leithéid le líomhaintí faoi mhíchúirtéis nó teipeanna a mbeadh leibhéil níos ísle faillí sa dualgas i gceist leo. Faoin bpróiseas seo, déanann cigirí ainmnithe den Gharda teagmháil le gearánaigh a bhfuil sé curtha in iúl acu gur mian leo gabháil leis an tionscnamh, agus iarracht a dhéanamh an scéal a réiteach trí idirphlé. Bíonn an fócas ar an bhfadhb a réiteach seachas milleán a leagan.

Más rud é nach n-éiríonn leis an idirghabháil, filleann an gearánach ar GSOC, agus measúnaítear i gcomhair inghlacthachta é.

Lainseáladh an tionscnamh chun an t-am a thógtar chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin a laghdú, trí chásanna a shainaithint nach mbeadh sé chun tairbhe don ghearánach imscrúdú a lainseáil faoi alt 94 den Acht, agus go mbeadh sé mar chur amú gan gá i leith acmhainní GSOC agus an Gharda.

Leis an Idirghabháil Áitiúil tá an Garda Síochána tar éis feidhmiú go maith, agus bhí tionchar maith aige ar Ghardaí, ar GSOC agus ar ghearánaigh le chéile, mar gur chuir sé ar fáil bealaí níos éifeachtaí chun dul i ngleic le gearáin ag leibhéal na seirbhíse. Chun briseadh síos a fháil ar thorthaí agus tionchar ár dtionscnaimh idirghabhála áitiúil in 2021, mar aon le roinnt cás-staidéar, feic rannán 12.

## Príomhfhíricí agus Figiúirí do Ghearáin in 2021

### Líon na gceisteanna

Sa chéad dul síos, láimhseálann Aonad Cásoibre GSOC ceisteanna agus gearáin.

In 2021, dhéileáil cásoibrithe le **4,615** ceist. Ar dtús, osclaítear gach teagmháil ar ár gcóras mar 'cheist', go dtí go mbíonn dóthain eolais againn chun é a uasghrádú go dtí gearán agus a mheasúnú i gcomhair inghlacthachta.

Fuair GSOC **3,286** glao áitiúil i gcaitheamh 2021. Ba mhéadú suntasach é seo ar na 1,132 glao a fuarthas in 2020. Ní féidir comparáid dhíreach idir na blianta, áfach, mar gheall ar thionchar athraitheach COVID-19 thar 2020 agus 2021. Freagraíodh **94 faoi gcéad** de na glaonna laistigh de 60 soicind.

Mar gheall ar shriantachtaí COVID-19, ba ghá oifig phoiblí GSOC a dhúnadh ar feadh roinnt míonna in 2021. Nuair a laghdaíodh na sriantachtaí níos déanaí sa bhliain d'athoscail GSOC an oifig phoiblí don phobal.


Bhuail cásoibrithe le **11** duine inár n-oifig phoiblí ó lár Dheireadh Fómhair go dtí Nollaig 2021. Bhí codarsnacht idir seo agus iomlán de 51 idirghníomhú san oifig phoiblí i gcaitheamh 2020.

## Líon na ngearán

Osclaíodh iomlán de **2,189** gearán in 2021, méadú de **12 faoin gcéad** ar fhigiúr 2020 (1,955). Féadann níos mó ná líomhain amháin bheith i gceist le gearán, agus bhí 3,760 líomhain leithleach san 2,189 gearán a fuarthas in 2021.

Ba iad na himthosca ba choitianta a dtáinig gearáin astu in 2021 ná 'seirbhís custaiméara' ag 17 faoin gcéad agus iompraíocht Gardaí le linn teagmhas póilíneachta bóthair agus le linn gabhálacha ag 14 faoin gcéad an ceann.


**Cairt 2: Imthosca na nGearán a Fuarthas (Iomlán na nGearán: 2,189)**





## Scaipeadh geografach na ngearán agus na líomhaintí

Léirítear leis na léarscáileanna ar chúl an leathanaigh scaipeadh geografach na ngearán agus na líomhaintí a rinneadh in aghaidh Gardaí in 2021. Léiríonn siad na líomhaintí ar fad, iad siúd a cinneadh go raibh siad inghlactha, iad siúd a cinneadh nach raibh siad inghlactha, agus iad siúd nach raibh cinntí inghlacthachta déanta fúthu faoi 31 Nollaig 2021. Fágtar as an áireamh 139 líomhain nach raibh rannáin Garda bunaithe dóibh faoi dheireadh na bliana.

**Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannáin Garda (Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath fágtha as an áireamh)**




**Léarscáil 2: Líomhaintí de réir Rannáin Garda - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**




I Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhí an líon líomhaintí ba mhó a taifeadadh in aghaidh na nGardaí (RCBÁC). Bheifí ag súil leis sin i bhfianaise an dlúthdhaonra agus an leibhéal gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair. Laistigh den RCBÁC, bhí na líonta ba mhó i RCBÁC Thiar, 289 líomhain, agus RCBÁC Theas-Láir, 286 líomhain. In 2020, is ag RCBÁC Thuaidh agus RCBÁC Thiar a bhí an líon ba mhó líomhaintí.

Lasmuigh den RCBÁC, is ag Cathair Chorcaí agus Lú faoi seach a bhí an líon ba mhó líomhaintí in aghaidh na nGardaí in 2021.

## Na rudaí a ndéanann daoine gearán fúthu

Tugtar sa chairt thíos briseadh síos de na cineálacha líomhaintí do 2021.

**Cairt 3: Cineálacha Líomhaintí i nGearáin Inghlactha (Iomlán na Líomhaintí: 2842)**





Áirítear i measc na nithe coitianta a ndéanann daoine gearán fúthu chuig GSOC:

- Faillí sa Dualgas – líomhaintí nár ghlac Garda beart a mbeifí ag súil go réasúnta leis. Bhí raon tromchúise ag baint leo seo, ó gan teacht ar ais ar an bhfón go dtí gan imscrúdú ceart a dhéanamh faoi choir thromchúiseach a líomhnaíodh.
- Mí-úsáid Údaráis. Tharlódh go n-áireofaí air seo ró-úsáid fórsa, nó ordú rud éigin a dhéanamh a chreideann an gearánach nach raibh sé d'údarás ag an nGarda a ordú.
- Cionta Neamh-mharfacha. Líomhaintí iad seo faoi chion coiriúil arna liostú san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus áirítear orthu, mar shampla, ionsaí.
- Míchúirtéis – gearáin maidir leis an gcaoi a labhair Garda le duine nó ar chaith Garda le duine.


## Cinntí faoi inghlacthacht

In 2021, fuarthas de 2189 gearán, ar measadh go raibh 1332 (61 faoin gcéad) inghlactha (líomhain inghlactha amháin ar a laghad iontu). Measadh go raibh iomlán de 855 (39 faoin gcéad) 'neamh-inghlactha.

### Cairt 4: Cinntí faoi Inghlacthacht Gearán (Iomlán na nGearán: 2189)




### Cairt 5: Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (Iomlán na nGearán a Ceadaíodh i gcomhair Imscrúdaithe: 1,332)




Déileáladh leis na 1332 gearán inghlactha (líomhain inghlactha amháin ar a laghad iontu) i gceann amháin de cuig bhealach:

- Imscrúduithe Coiriúla - 557
- Imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht - 533
- Imscrúduithe faoi mhaoirseacht - 118
- Imscrúduithe neamh-choiriúla faoi stiúir GSOC - 101
- Scortha roimh don imscrúdú bheith tionscanta - 23

## Cinntí faoi neamh-inghlacthacht

Measadh 855 gearán, a raibh 916 líomhain iontu, bheith neamh-inghlactha in 2021 ar na cúiseanna atá leagtha amach sa chairt thíos.

**Cairt 6: Cúiseanna le Neamh-inghlacthacht Líomhaintí i nGearáin Neamh-inghlactha (Líomhaintí Neamh-inghlactha 916)**




Ba é an chúis ba choitianta le cinneadh neamh-inghlacthachta – ábhartha i **742** nó 81 faoin gcéad de líomhaintí—ná nach coir ná sárú ar na Rialacháin Araíonachta a bheadh san iompraíocht líomhainte, fiú dá gcruthófaí gur tharla sé.

An dara cúis ba choitianta nár ceadaíodh gearán a imscrúdú ná gur tháinig an líomhain/na líomhaintí lasmuigh den teorainn ama 12-mhí a leagtar amach sa reachtaíocht. In 2021, cinneadh go raibh **129** líomhain nó 14 faoin gcéad neamh-inghlactha ar an gcúis seo. Bíodh is go bhfuil discréid ag GSOC gearáin a cheadú lasmuigh den tréimhse shainithe ama, tá fáth praiticiúil ann le go mbeadh teorainn ama ann i bhformhór na gcásanna; dá mhéid ama atá imithe thart idir an teagmhas agus an gearán, is ea is deacra atá sé imscrúdú éifeachtach a stiúradh, rud lena mbaineann fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú, agus ráitis cruinne a fháil.




# 9 IMSCRÚDUITHE DE BHUN GEARÁN: TORTHAÍ IN 2021

# 9. IMSCRÚDUITHE DE BHUN GEARÁN: TORTHAÍ IN 2021

## Forléargas ar Thorthaí Imscrúduithe 2021

In 2021, dúnadh 2,078 gearán a raibh 3,878 líomhain iontu.

Astu seo, ceadaíodh 1,219 gearán a raibh 2,957 líomhain iontu agus imscrúdaíodh iad. Dúnadh an chuid eile tar éis é bheith cinnte go raibh siad neamh-inghlactha, aistarraingíodh iad roimh chinneadh inghlacthachta, nó dúnadh iad nuair nár ghlac an gearánach páirt ann.

Bíodh is go raibh líomhain amháin nó os a chionn sin sna 1,219 gearán ar fad, bhí 55 de na líomhaintí a bhí iontu neamh-inghlactha, agus mar sin níor imscrúdaíodh iad seo. Ar an iomlán, imscrúdaíodh 2,902 líomhain agus cuirtear síos ar na torthaí i dTábla C.

**Tábla C: Torthaí na ngearán a dúnadh in 2021**

| Toradh / Fáth | Míniú | Cineál imscrúdaithe i gceist | Líon líomhaintí |
|---|---|---|---|
| Scortha – Gan gá le tuilleadh imscrúdaithe nó gan é bheith praiticiúil go réasúnta | An cás is coitianta anseo ná go scoirtear imscrúdú mar nach bhfuil aon fhi-anaise neamhspleách ann chun líomhain a chruthú. | Gach cineál | 1647 |
| Gan aon sárú ar na Rialacháin Araíonachta sainaitheanta | Imscrúdaíodh na líomhaintí agus cinneadh gur ghníomhaigh an Garda a ndearnadh gearán faoina iompraíocht i gceart. | Imscrúdú araíonachta faoi mhaoirseacht nó gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94), nó imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95) | 384 |
| Líomhain aistar-raingthe | Thug an gearánach le fios nach riabh sé/sí chun leanúint leis an ngearán. | Gach cineál | 305 |
| Gan comhoibriú le fáil ón ngearánach | Níor ghlac an gearánach páirt san imscrúdú. | Gach cineál | 155 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sárú ar na Rialacháin Araíonachta sainaitheanta agus smachtbhanna forchurtha | Féadtar raon smachtbhannaí a fhorchur ag brath ar thromchúis an tsáraithe a cinneadh (feic Tábla D). Faoin Acht, is gnó do Choimisinéir na nGardaí agus dósan amháin é an sárú ar leith agus smachtbhanna ar bith atá le forchur a shainaithint faoi na Rialacháin Araíonachta. Níl aon ról ag GSOC maidir le smachtbhannaí a chinneadh ná fhorchur. | Imscrúdú araíonachta faoi mhaoirseacht nó gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94), nó imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95) | 60 |
| Níor sainaithníodh aon mhí-iompar tar éis imscrúdaithe choiriúil | An cás is coitianta anseo ná go scoirtear imscrúdú mar nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann chun an líomhain/na líomhaintí a chruthú. | Imscrúdú coiriúil ag GSOC (a.98) | 317 |
| Níl feidhm a thuilleadh ag Rialacháin Araíonachta an Gharda | An Garda is ábhar don imscrúdú araíonachta bheith scortha nó éirithe as roimh an imscrúdú nó lena linn. | Imscrúdú araíonachta faoi mhaoirsiú nó gan mhaoirsiú ag an nGarda Síochána (a.94), nó imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95) | 19 |
| Atreoraithe chuig an DPP – Níor Ordaíodh aon Ionchúiseamh | Má bhíonn fianaise ann, tar éis imscrúdaithe choiriúil, gur féidir go ndearnadh cion, tarchuirtear an cás go dí an DPP, agus cinneann seisean ionchúiseamh a dhéanamh nó gan a dhéanamh. Feic mar shampla cás staidéir 9 agus 10 thíos. | Imscrúdú coiriúil ag GSOC (a.98) | 8 |
| Atreoraithe chuig an DPP – Ordaíodh Ionchúiseamh | Rinne an DPP cinneadh, bunaithe ar an bhfianaise, ionchúiseamh a ordú, agus bhí triail ann dá bharr sin. Feic, mar shampla, na cás staidéir i Rannán 13 thíos. | Imscrúdú coiriúil ag GSOC (a.98) | 7 |
| **Torthaí Iomlána** | | | **2,902** |

## Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Araíonachta

Más rud é go mbíonn gearánach míshásta le toradh imscrúdaithe gan mhaoirseacht a bheidh tugtha faoi ag Ceannfort an Gharda Síochána, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadann sé/sí a iarraidh go ndéanfadh oifigeach de chuid GSOC an ní a athbhreithniú. Sna hathbhreithnithe seo, is é ról GSOC ná a chinneadh an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh an toradh iomchuí.

Ní bhíonn de chumhacht ag GSOC cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh nó an toraidh. Cuireann GSOC tuarascáil ar fáil do Choimisinéir na nGardaí áit a mbíonn ábhar imní ann faoin gcaoi inar stiúradh an t-imscrúdú agus/nó faoina thoradh. Ós rud é go mbíonn an próiseas araíonachta curtha i gcrích cheana sna cásanna seo, ní féidir an cás a athoscailt nó an toradh a bhí air a athrú.

Fuair GSOC **52** iarraidh lena n-athbhreithniú in 2021 (maidir le himscrúduithe a cuireadh i gcrích in 2021 nó i mblianta eile), a raibh **16** díobh curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana.

## Smachtbhannaí a Forchuireadh

Más rud é go gcinntear tar éis imscrúdaithe araíonachta ag an nGarda Síochána faoi alt 94 (faoi mhaoirsiú nó gan maoirsiú), nó ag an GSOC faoi alt 95, go bhfuil fianaise ann gur féidir gur sháraigh Garda na Rialacháin Araíonachta, is gnó do bhainistíocht an Gharda é a chinneadh an raibh sárú ann nó nach raibh, agus is faoi Choimisinéir na nGardaí amháin atá sé cinneadh a dhéanamh faoi smachtbhannaí a cur i bhfeidhm. Tá na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm in 2021, tar éis cinntí faoi shárú araíonachta, leagtha amach i dTábla D.

**Tábla D: Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir na nGardaí i bhfeidhm in 2021, i ndiaidh imscrúduithe araíonachta**

| | |
|---|---|
| Comhairle | 31 |
| Fíneáil forchurtha | 5 |
| Rabhadh | 3 |
| Foláireamh | 7 |
| Iomardú | 4 |
| Laghdú ar phá nár mhó ná 2 sheachtain pá | 8 |
| Laghdú ar phá nár mhó ná 4 sheachtain pá | 2 |
| **IOMLÁN NA SMACHTBHANNAÍ** | **60** |

I dteannta leis na torthaí thuas, ar chinntí maidir le hiompraíocht Gardaí aonair iad, aibhsíodh le cuid de na himscrúduithe araíonachta cásanna inar féidir gur tháinig an fhadhb chun cinn mar gheall ar cheist chórasach nó bainistíochta seachas iompraíocht duine aonair. D'fhonn gearáin den saghas sin a laghdú nó a dhíothú amach anseo, cuireadh líon áirithe moltaí maidir le beartais agus/nó cleachtais chuig Coimisinéir na nGardaí – feic le do thoil Rannán 14 chun mionsonraí a fháil.

## Fad Ama a Glacadh chun Imscrúduithe a chur i gCrích

In 2021, laghdaíodh an fad ama a glacadh chun imscrúduithe de chatagóirí áirithe a chur i gcrích, ach i gcásanna eile, imscrúduithe coiriúla ach go háirithe, méadaíodh an fad ama a tógadh. Léirítear i gCairt 7 an t-am airmheánach a tógadh chun cásanna a thabhairt chun críche de réir cineáil faoi dheireadh 2021.

**Imscrúduithe coiriúla**

Faoi dheireadh 2021, ba é an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe coiriúla a thabhairt chun críche ná 311 lá, méadú de 149 lá ar fhigiúr 2020. Mar atá leagtha amach sa bhrollach, tá an iliomad fachtóirí taobh thiar den mhéadú seo, ar a n-áirítear an méadú ar líon agus castacht na gcásanna agus tionchar na paindéime ar gach gné de phróisis imscrúdaitheacha GSOC. Fachtóir níos fadtéarmaí is ea an t-acmhainniú, áfach.

Tá imscrúduithe coiriúla faoi réir ag próiseas athbhreithnithe, ar a n-áirítear bearta caighdeánacha rialaithe. Mar chuid den phróiseas seo, athbhreithníonn Oifigigh Imscrúduithe Sinsearacha cásanna atá ar oscailt ar feadh 60 lá go foirmiúil agus athbhreithníonn an Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí cásanna atá ar oscailt ar feadh 90 lá go foirmiúil. Cásanna atá ar oscailt ar feadh 120 lá, cuirtear ar a aire don Stiúrthóir Oibríochtaí iad chun cinntí iomchuí a fháil. Go comhthreomhar leis sin, bíonn cásanna catagóirithe mar chásanna a bhfuil líomhain an-tromchúiseach iontu faoi réir ag athbhreithniú ar bhonn démhíosúil ag an Stiúrthóir Oibríochtaí agus ag Coimisiún an Ombudsman.

**Imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht agus gan mhaoirseacht**

Is iad Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána a thugann faoi imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht (GSIOanna). Ba é fad airmheánach ama imscrúduithe dá leithéid faoi dheireadh 2021 ná **199** lá, laghdú de 45 lá ar thoradh 2020.

Is iad Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána arna maoirsiú ag oifigigh imscrúdaithe GSOC a thugann faoi imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht. De réir na bPrótacal idir an Garda Síochána agus GSOC ní mór go mbeadh imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht tugtha chun críche agus tuarascáil imscrúdaithe curtha ar fáil laistigh de 20 seachtain/ 140 lá. Ba é fad airmheánach ama imscrúduithe dá leithéid in 2021 ná **288** lá, laghdú lae amháin ar thoradh 2020.


**Imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC**

Féadann imscrúdaitheoirí GSOC féin, faoi alt 95 den Acht, tabhairt faoi imscrúduithe neamh-choiriúla. Ba é fad airmheánach ama imscrúduithe dá leithéid ná 265 lá, figiúr atá ar aon chéim le figiúr 2020.

**Tábla E: Fad Airmheánach Ama chun Tabhairt chun Críche**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Imscrúdú Coiriúil (a.98) | 99 | 115 | 147 | 140 | 162 | 311 |
| Imscrúdú Araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94(1)) | 266 | 256 | 268 | 279 | 244 | 199 |
| Imscrúdú Araíonachta faoi mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94(5)) | 250 | 273 | 281 | 332 | 289 | 288 |
| Imscrúdú Araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95) | 260 | 203 | 253 | 290 | 265 | 265 |

**Cairt 7: Fad Airmheánach Ama a Tógadh chun Imscrúduithe a Thabhairt chun Críche (i laethanta)**



## Imscrúduithe de Bhun Gearán: Cás-staidéir in 2021[3]

### CÁS-STAIDÉAR 1

Chuaigh gearánach chuig Stáisiún na nGardaí chun fianaise ar bhagairtí a rinne a thiarna talún chun é a dhíshealbhú as a áit chónaithe go neamhdhleathach, agus fianaise ar bhagairtí um mí-úsáid chorpartha, a chur i láthair.

Líomhain an gearánach gur thug an chéad chomhalta den Gharda Síochána ar dhéileáil sé leis cúnamh dó agus gur ghlac sé/sí nóta den ghearán, ach gur dhiúltaigh an dara comhalta cúnamh a thabhairt dó, gur shéan sé/sí gurbh ann don mhoratóir ar dhíshealbhú a bhain leis an bpaindéim, gur ordaigh sé/sí dó an stáisiún a fhágáil agus go raibh a (h)iompar ionsaitheach.

Cuireadh tús le himscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht arna dhéanamh ag an nGarda Síochána faoi alt 94(1) den Acht. Fuarthas gur sháraigh an chéad chomhalta Araíonacht an Gharda Síochána as gan taifead Pulse a chruthú, ach rinne Ard-Cheannfort an cinneadh a neamhniú ar achomharc. Fuarthas gur sháraigh an dara comhalta Araíonacht an Gharda Síochána as iompar díchreidiúnach, agus as faillí dualgais maidir le gan taifead Pulse a chruthú. Eisíodh fíneáil. Ní dhearnadh siad achomharc.

### CÁS-STAIDÉAR 2

Fuarthas gur sháraigh comhalta den Gharda Síochána araíonacht as teip maidir le líomhaintí maidir le mí-úsáid gnéis san óige a imscrúdú i gceart agus as teip maidir leis an dul chun cinn ar an imscrúdú a chur in iúl don íospartach.

Thuairiscigh íospartach mí-úsáide gnéis san óige líomhaintí do Greater Manchester Police (GMP). D'atreoraigh GMP an cás chuig an nGarda Síochána, mar gheall gur bhain an gearán le heachtraí a tharla in Éirinn. Ba léir, i ndiaidh do GMP tuarascáil chuimsitheach a sheoladh chuig na Gardaí nach ndearnadh ach fíorbheagán gníomhaíochta ar feadh tréimhse fada chun imscrúdú a dhéanamh ná chun déileáil leis an duine faoi amhras ciona, agus é a fhágáil ina ábhar riosca do leanaí dá bharr. Rinneadh gearán chuig GSOC agus glacadh leis lena imscrúdú.

Ceapadh Imscrúdaitheoir de chuid GSOC chun imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC a dhéanamh faoi alt 95 den Acht. D'ullmhaigh GSOC tuarascáil, agus fuarthas gur sháraigh an comhalta den Gharda Síochána i gceist Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána in dhá chúiseamh i bhfaillí dualgais, agus gearradh smachtbhanna air/uirthi dá réir.



3. Tugtar samplaí de chásanna a tugadh os comhair na cúirte i gCaibidil 13 faoi obair dhlíthiúil GSOC.

### CÁS-STAIDÉAR 3

Rinne duine den phobal gearán gur gortaíodh a mhac, 5 bliana d'aois, in imbhualadh tráchta bóthair, agus gur chinn na Gardaí gan ionchúiseamh a dhéanamh, d'ainneoin gur admháil an tiománaí dliteanas. Chreid an gearánach gur imir an tiománaí tionchar pearsanta ar an gcinneadh sin. Chuir GSOC tús le himscrúdú coiriúil faoi alt 98 den Acht.

Chuir GSOC agallamh ar an tiománaí, a mhaígh nach raibh aithne aige/aici ar aon phearsanra de chuid an Gharda Síochána. Fuair GSOC seilbh ar an gcomhad faoin teagmhas agus rinne athbhreithniú air. Deimhníodh gur Chigire sealadach gan taithí a rinne an cinneadh bunaigh gan ionchúiseamh a dhéanamh agus gur aisiompaíodh an cinneadh sin le hathbhreithniú inmheánach de chuid an Gharda Síochána, a rinne cigire eile.

Mar gheall nárbh ann d'aon fhianaise ar thionchar míchuí, agus os rud é go raibh an gearánach sásta go rabhthas chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gcás, scoir GSOC dá imscrúdú.

### CÁS-STAIDÉAR 4

Líomhain duine den phobal, tar éis achrann faoi aghaidhmhaisc in ollmhargadh, gur tháinig Comhalta den Gharda Síochána chuige 20 nóiméad ina dhiaidh sin agus gur ghabh siad é gan mhíniú a thabhairt.

Líomhain an gearánach gur bhrúigh an comhalta den Gharda Síochána é in éadan an chairr phatróil go trodach agus gur chuir siad glais lámh air. Eisíodh ticéid as srianta paindéime a shárú don ghearánach freisin agus cheistigh sé a mbailíocht. Chuir GSOC tús le himscrúdú coiriúil faoi alt 98 den Acht.

Chuir GSOC baill foirne an ollmhargaidh agus dhearbhaigh siad gur ghlaoigh siad ar na Gardaí. Breathnaíodh ar scannánaíocht TCI agus níor thaispeáin sí aon mhí-iompar ón gComhalta den Gharda Síochána a rinne an ghabháil.

Thug an comhalta cuntas iomlán ar a ngníomhartha do GSOC, inar tugadh le fios go ndeachaigh siad i muinín na gabhála mar rogha deiridh nuair a dhiúltaigh an gearánach é féin a chur in aithne agus a sheoladh a thabhairt uaidh.

Mar gheall nach raibh aon fhianaise ann chun tacú leis an líomhain, scoir GSOC den chás.

Cé gur chreid GSOC gur ghearán cráiteach a bhí ann, ní raibh fianaise leordhóthanach ann chun tacú leis an ngearánach a ionchúiseamh gearánach faoi alt 110 den Acht.

**CÁS-STAIDÉAR 5**

Chuaigh airgead (roinnt míle Euro) i mála fianaise ar iarraidh ó Stáisiún na nGardaí. Rinneadh Imscrúdú coiriúil faoi Alt 98. Tháinig sé chun solais gur ligeadh amú an t-airgead agus gur thángthas air níos déanaí i seomra eile sa stáisiún. Rinneadh imscrúdú araíonachta faoi alt 95 faoi stiúir GSOC ina dhiaidh sin, agus seoladh an tuarascáil air sin chuig Coimisinéir an Gharda Síochána inar moladh gníomh araíonachta i ndáil leis an gcomhalta den Gharda Síochána a raibh an mála fianaise faoina gcúram. Tugadh foláireamh don chomhalta den Gharda Síochána.

**CÁS-STAIDÉAR 6**

Líomhain gearánach gur ionsaigh comhalta den Gharda Síochána fear a bhí amuigh ag rith. Rinne GSOC teagmháil leis an ngearánach via teileafón, litir agus ríomhphost chun deis a thabhairt dóibh ráiteas a dhéanamh, ach d'ainneoin gach iarracht, níor cuireadh ráiteas ar fáil. Fuair GSOC scannánaíocht TCI gur thaispeáin nach tharla an t-ionsaí líomhnaithe. Scoireadh den imscrúdú faoi alt 93(1)c den Acht.

### CÁS-STAIDÉAR 7

Rinne duine den phobal iarracht dul ar bord bus poiblí ag stáisiún bus agus bhí argóint aici le tiománaí an bhus mar gheall gur dhiúltaigh sí aghaidhmhasc a chaitheamh. Cuireadh na Gardaí ar an eolas faoin teagmhas agus tháinig siad chuig an mbus tamall gearr ina dhiaidh sin.

Líomhain an gearánach gur bhain triúr comhalta den Gharda Síochána ón mbus í le forneart agus gur ionsaigh siad í taobh amuigh den bhus.

Chuir GSOC tús le himscrúdú coiriúil faoi alt 98 den Acht. Léirigh an fhianaise a fuarthas, lena n-áirítear scannánaíocht TCI, gur phléigh na Gardaí leis an ngearánach ar bhealach neamh-ionsaitheach. Fuarthas gur ghlac siad an t-am chun na dlíthe maidir le caitheamh aghaidhmhasc a mhíniú don bhean agus gur thug siad deis réasúnach agus chóir di an fáth nach raibh aghaidhmhasc aici a mhíniú. Léirigh an fhianaise freisin go raibh an bhean trodach agus neamh-chomhoibríoch leis na Gardaí le linn dóibh iarracht a dhéanamh labhairt léi. Tugadh treoir don bhean faoi alt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, imeacht den bhus go síochánta agus dhiúltaigh sí sin a dhéanamh. Gabhadh í ag an bpointe sin agus tugadh foláireamh di.

Fuarthas san imscrúdú a rinne GSOC nach raibh aon dealramh ar chion ná ar shárú araíonachta ann ar thaobh na nGardaí. Fuair GSOC gur ghabhadh an bhean go dleathach, agus gur lean sí uirthi de bheith neamh-chomhoibríoch agus trodach tar éis a gabháil. Fuarthas go raibh na Gardaí i dteideal faoin dlí srian a chur uirthi, sna himthosca sin, agus go ndearnadh sin ar an mbonn go raibh údar réasúnach ag comhaltaí a bheith imníoch faoina sábháilteacht féin agus faoi shábháilteacht an lín mhóir daoine a bhí thart ag an am, agus nach raibh aon dóchúlacht ann go mbainfí an cuspóir dleathach sin amach gan forneart a úsáid.

## CÁS-STAIDÉAR 8

Líomhain an gearánach gur buaileadh é le bata ag comhalta den Gharda Síochána nár chuir é féin in aithne. Líomhnaíodh freisin gur buaileadh cailín an ghearánaigh leis an mbata nuair a rinne sí iarracht teacht eatarthu.

Gabhadh an gearánach mar gheall ar dhrochamhras go ndearna sé ionsaí, agus gabhadh a chailín ar dhrochamhras go ndearna sí cionta oird phoiblí.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh, lenar áiríodh breathnú ar scannánaíocht TCI den achrann, tháinig an Coimisiún ar an tátal, agus na himthosca uile a chur san áireamh, nár cion coiriúil a bhí san iompar faoi imscrúdú. Mar sin féin, mheas an Coimisiún go raibh an gearán ina údar imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC faoi alt 95 den Acht, agus tháinig sé ar an tátal gur mhí-úsáid údaráis a bhí in iompair an chomhalta, agus tugadh tuairisc air sin do Choimisinéir an Gharda Síochána.

D'aontaigh bainistíocht an Gharda Síochána le measúnú GSOC gur mhí-úsáid údaráis a bhí in iompar an chomhalta. Shainaithin siad teipeanna maidir le cloí le hoiliúint oird phoiblí in úsáid bataí, teip maidir le duine á chur féin in aithne mar chomhalta den Gharda Síochána, agus teip maidir le sos a thógáil chun measúnú a dhéanamh ar ghá leanúnach le forneart a úsáid. Forchuireadh laghdú pá ar an gcomhalta, a cuireadh ar chúrsa uasghrádú scileanna in úsáid bataí.

## CÁS-STAIDÉAR 9

Líomhain an gearánach gur ionsaíodh é le linn a ghabhála, agus dúirt a pháirtí go raibh gortuithe ar a aghaidh nuair a d'fhág sé Stáisiún na nGardaí, nach raibh air sular gabhadh é. Chuir GSOC tús le himscrúdú coiriúil faoi alt 98 den Acht. Fuarthas scannánaíocht TCI a léirigh gabháil an ghearánaigh, agus sainaithníodh an triúr comhaltaí den Gharda Síochána i gceist. Cuireadh beirt faoi agallamh mar fhinnéithe agus cuireadh an tríú comhalta faoi agallamh mar amhrastach i ndáil leis an ionsaí líomhnaithe. Tugadh comhad chun críche agus sheol GSOC chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é chun é a bhreithniú maidir le hionchúiseamh i leith ionsaí. D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nach ndéanfaí ionchúiseamh. Soláthraíodh cúiseanna leis an ordú agus bhí an gearánach in ann na cúiseanna sin a iarraidh ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Leis sin, cuireadh an ní i gcrích agus dúnadh é.

**CÁS-STAIDÉAR 10**

Fuair GSOC gearán ó dhuine den phobal, a dúirt go bhfaca sé carr, ar tháinig sé chun solais gur charr Gardaí gan mharcáil é, a bhí á thiomáint i lána bus agus a sháraigh solas dearg. Bhí scannánaíocht cheamara deaise ag an duine den phobal a thaispeáin go soiléir an carr Gardaí á thiomáint sa lána bus agus an solas dearg á shárú aige.

Mar gheall go raibh líomhaintí maidir le sáruithe ar an Acht um Thrácht ar Bhóithre, rinne GSOC imscrúdú coiriúil faoi alt 98 den Acht. Sainaithníodh na daoine a bhí sa charr Gardaí agus dheimhnigh an finné, ar Garda a bhí ann, go raibh siad ar dualgas ag an am. Cuireadh agallamh faoi fholáireamh ar an tiománaí, ar Garda a bhí ann, agus d'admhaigh sé gur thiomáin sé i lána bus agus gur sháraigh sé solas dearg, ach mhaígh sé díolúine faoi alt 87 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, ina ndéantar foráil do dhíolúintí in imthosca áirithe.

Sheol GSOC comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a d'ordaigh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Mar gheall go raibh seans ann gur sháraigh iompar an tiománaí ar Garda a bhí ann Cód agus treoracha an Gharda Síochána, rinneadh imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC faoi alt 95 den Acht. Tar éis an imscrúdú, seoladh tuairisc chuig Coimisinéir an Gharda Síochána agus fuarthas go raibh sárú araíonachta déanta ag an tiománaí ar Garda a bhí ann.



# 10 IMSCRÚDUITHE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)

# 10. IMSCRÚDUITHE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)

## Cén Uair a Dhéanann An Garda Síochána Tarchur chuig GSOC?

Déantar foráil in Alt 102 den Acht d'imscrúdú neamhspleách ar aon ní inar cosúil go bhféadfadh sé go mbeadh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána. Tá an fhoráil sin ina gné thábhachtach de chreat an Stáit lena ráthú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí atá air faoi Ailt 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a thugann an chumhacht chun tarchur do cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu as a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil sé cuí teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

## An Chaoi a n-Imscrúdaíonn GSOC Ábhair faoi Alt 102

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ní.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ní, de réir na gcúinsí. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht. Ar an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Ceanglaítear ar chomhlachtaí stáit na hÉireann, an Garda Síochána san áireamh, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh "ar Shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin

Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, ba cheart, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin:

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Tráthúlacht
- Iniúchadh ag an bPobal
- Rannpháirtíocht Íospartach.


Tá na prionsabail sin i gcroílár chur chuige GSOC ar bhásanna a imscrúdú.

## Tarchuir a Fuarthas in 2021

Fuair GSOC **59** dtarchur faoin alt seo in 2021, i gcomparáid le 43 in 2020, agus 40 in 2019.


Bhain ceithre cheann is tríocha (34) de na tarchuir a fuarthas in 2021 le básanna. Tá miondealú ar na himthosca thíos.

### Cairt 8: Miondealú ar Imthosca na dTarchur (59 dtarchur ar an iomlán)




- Díobháil/Tinneas le linn Gabhála/Dul sa Tóir/Faoi Choimeád 14
- Bás tar éis teagmháil le Garda 9
- Bás faoi choimeád 6*
- Bás (Eile) 6
- Bás, Imbhualadh Tráchta Bóthair (dul sa tóir) 5
- Bás tar éis scaoileadh saor ó choimeád 5
- Díobháil/Tinneas tar éis teagmháil le Garda 5
- Teagmhais Thráchta Bóthair (Neamh-Mharfacha) 3
- Cionta Gnéis 2
- Bás, Imbhualadh Tráchta Bóthair (eile) 2
- Bás agus duine á shrianadh/á ghabháil 1
- Teagmhas Baile 1

### Cairt 9: Cineálacha Imscrúduithe i dTarchuir (Líon iomlán Tarchur a Fuarthas: 59)




- Réamhscrúdú 30%
- Imscrúdú Neamhchoiriúil ag GSOC 58%
- Imscrúdú Coiriúil ag GSOC 12%



*Tabhair faoi deara: Áirítear le Bás Faoi Choimeád (6) cás inar bhásaigh duine san ospidéal ina dhiaidh sin.


## Imscrúduithe tar éis Tarchur a Cuireadh i gCrích in 2021

Dúnadh líon iomlán de 25 imscrúdú a d'eascair as tarchuir in 2021.


**Tábla F: Cineálacha imscrúduithe agus na torthaí orthu (imscrúduithe a dúnadh in 2021)**

| Cineál Imscrúdaithe & Toradh | Cás |
|---|---|
| Dúnadh an cás tar éis don scrúdú tosaigh a léiriú nach raibh fianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht a raibh garda ina c(h)úis léi. | 3 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise ar mhí-iompraíocht a raibh garda ina c(h)úis léi – ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 13 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. - Níl Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána i bhfeidhm a thuilleadh maidir leis an gcomhalta | 0 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. – chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 1 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. – níor chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 2 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina c(h)úis leis. – ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 3 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – ordaíodh ionchúiseamh. | 0 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – níor ordaíodh ionchúiseamh. | 2 |
| Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobhálaithe agus mar gheall nach raibh aon ábhar imní eile ann. | 1 |
| **IOMLÁN** | **25** |

**Léarscáil 3:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach BÁC a áireamh)




**Léarscáil 4:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach BÁC




NB. Tá an líon iomlán sna léarscáileanna thuas beagán níos airde ná an líon iomlán tarchur (59) mar gheall gur bhain tarchur amháin le Gardaí ó níos mó ná rannán amháin

## Imscrúdú tar éis Tarchuir: Cás-staidéir in 2021

### CÁS-STAIDÉAR 11

Fuarthas duine fásta éagtha tuairim is 24 uair an chloig tar éis do Ghardaí dul chucu agus iad a cheistiú faoi nádúr an idirchaidreamh a líomhnaíodh a rinne siad le daoine óga ar na meáin shóisialta. Tharchuir an Gharda Síochána an bás chuig GSOC mar gheall ar an teagmháil ní ba luaithe idir an duine éagtha agus na Gardaí.

Rinne GSOC imscrúdú ar imthosca an idirchaidrimh idir an duine fásta agus na comhaltaí den Gharda Síochána. Fuarthas gur bhreithnigh Gardaí ó Aonad na Roinne um Sheirbhísí Cosanta go cúramach na gearáin a rinne na daoine óga agus nádúr an idirchaidrimh ar na meáin shóisialta idir iad féin agus an duine fásta. Thaifead an comhalta sinsearach d'Aonad um Sheirbhísí Cosanta cinneadh maidir lena dtuairim faoi na hidirchaidrimh ag an chaoi a raibh dul chun cinn le déanamh ar fhiosrúcháin na nGardaí. Chuaigh na comhaltaí den Gharda Síochána chuig an duine fásta ar bhealach a bhí i gcomhréir leis an gcinneadh agus iomchuí d'imthosca an duine fásta.

Rinne imscrúdaitheoir de chuid GSOC teagmháil le teaghlach an duine fásta, leis an gCróinéir áitiúil agus leis na comhaltaí ábhartha den Gharda Síochána. Fuarthas san imscrúdú gur ghníomhaigh na comhaltaí go hiomchuí agus gur coinníodh taifid mhionsonraithe maidir leis an gcás. Ní dhearna GSOC imscrúdú breise mar gheall nár sainaithníodh aon mhí-iompar ag aon chomhalta a sainaithníodh agus tarchuireadh an ní chuig an gCróinéir chun ionchoisne a dhéanamh.

### CÁS-STAIDÉAR 12

Chonaic Gardaí i gcarr patróil duine ag siúl go tuisleach ar chosán agus an chuma air go raibh sé thar a bheith ar meisce. Chinn siad casadh thart agus an duine, a chas síos mionbhóthar, a leanúint. Tháinig siad ar an bhfear ina luí ar an talamh agus é ag cur fola go tréan ó ghortú cloiginn. Thug siad garchabhair dó agus tugadh é chuig an ospidéal. Fuair GSOC tarchur ó Cheannfort an Gharda Síochána faoi alt 102 den Acht. D'fhreastail imscrúdaitheoir de chuid GSOC ar an láthair, rinne teagmháil le teaghlach an fhir, fuair cuntais agus rinne iarrachtaí gluaiseachtaí an fhir a rianú. Tar éis athbhreithniú, thug an fhianaise le tuiscint go bhféadfadh gur thit an fear, agus go bhféadfadh gur shábháil gníomhartha na nGardaí a bheatha nó gur choisc siad tuilleadh gortaithe. Mar gheall nach raibh tásc ar bith ar mhí-iompar ag Garda, dúnadh an cás.

**CÁS-STAIDÉAR 13**

Bhí teagmháil déanta ag duine den phobal le Stáisiún na nGardaí agus chuir siad in iúl go raibh siad ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin. Léirigh an Garda a phléigh leis an nglaoiteoir iarracht mhór i ndáil le folláine an ghlaoiteora. Ar an drochuair, chuir an glaoiteoir lámh ina mbás féin go luath ina dhiaidh sin.

Fuair GSOC tarchur ó Cheannfort an Gharda Síochána faoi alt 102 den Acht. Fuair imscrúdaitheoir de chuid GSOC ráitis ó theaghlach agus ó chairde an duine éagtha, ó chomhaltaí den Gharda Síochána, ó láimhseálaithe glaonna agus ó bhaill foirne oiliúna. Rinneadh fiosrúcháin faoin gcineál oiliúna a bhí faighte ag an gcomhaltaí den Gharda Síochána sa réimse sin.

Ní raibh aon fhianaise ann go ndearna an Garda i gceist éagóir. Mar sin féin, sainaithníodh roinnt easnamh féideartha oiliúna agus oibríochtúla ag an imscrúdú, a bhí ina n-ábhar moltaí córasacha ag GSOC.

# 11. IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

Déantar foráil in Acht an Gharda Síochána 2005 go ndéanfaidh GSOC imscrúduithe chun leas an phobail. Is féidir tús a chur le himscrúduithe den sórt sin ar bhealaí éagsúla.

**Imscrúduithe chun leas an phobail á dtionscnamh ag GSOC (Alt 102(4))**

Uaireanta, tagann mí-iompar amhrasta ag Garda nó ag Gardaí chun aird GSOC taobh amuigh de na gnáthphróisis gearán nó tarchur. Féadfaidh nithe den sórt sin teacht chun aird GSOC, mar shampla, via tuairiscí sna meáin, nó via mionsonraí i ngearán atá neamh-inghlactha taobh amuigh de sin. Sna cásanna sin, tá sé de chumhacht ag GSOC tús a chur le himscrúdú chun leas an phobail i gcás go ndealraítear go bhféadfadh cion a bheith déanta le hiompar comhalta den Gharda Síochána, nó go mbeadh a n-iompar ina údar le himeachtaí araíonachta.

**Imscrúduithe chun leas an phobail á dtionscnamh ag an Aire (Alt 102(5))**

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt ní ar bith a tharchur chuig GSOC maidir le hiompraíocht chomhalta den Gharda Síochána, agus déanfaidh GSOC imscrúdú air. Áirítear leis sin tarchuir a dhéantar chuig GSOC faoin Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM) a bhunaigh an tAire in 2014, a bhfuil péire díobh ar oscailt fós.

**Imscrúduithe chun leas an phobail ar iarratas ón Údarás Póilíneachta nó ón Aire (Alt 102 (7))**

Féadfaidh Údarás Póilíneachta agus an tAire ní a tharchur chuig GSOC chun breithniú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart é a imscrúdú chun leas an phobail.

**Imscrúduithe chun leas an phobail a dúnadh agus ar cuireadh tús leo in 2021**

Osclaíodh trí imscrúdú déag chun leas an phobail in 2021 agus dúnadh cúig cheann déag. Áiríodh leis na himscrúduithe a dúnadh roinnt ar cuireadh tús leo sna blianta roimhe sin.

Ní dhearnadh iarraidh ar GSOC chun imscrúdú chun leas an phobail a dhéanamh ar ní faoi alt 102 (5). Níor oscalaíodh imscrúdú chun leas an phobail tar éis tarchur ón Aire Dlí agus Cirt faoi alt 102 (7).

Áiríodh le himscrúduithe GSOC chun leas an phobail a osclaíodh in 2021 roinnt teagmhas a bhain le scaoileadh arm tine Garda, chomh maith le líomhaintí maidir le hionsaí nó úsáid fornirt ag Gardaí.

Chun sampla de thoradh ar imscrúdú chun leas an phobail a fheiceáil, féach na cás-staidéar i Rannán 13 den tuarascáil seo.



# 12 IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

# 12. IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

Ba í 2021 an tríú bliain iomlán a raibh ár bpróiseas Idirghabhála Áitiúla (LI) i bhfeidhm, lena bhféachtar le roinnt gearán chuig GSOC a réiteach go háitiúil gan ghá le himscrúdú foirmiúil.

D'éirigh thar cionn leis an tionscnamh Idirghabhála Áitiúila in 2021, agus mar gheall go ndéantar an próiseas ar an teileafón, den chuid is mó, d'oibrigh sé go han-mhaith i gcomhthéacs COVID-19. Le linn na bliana, tharchuir GSOC 220 cás le haghaidh idirghabháil áitiúil, ísliú beag ar fhigiúr 2020. Réitíodh 178 gcás, ina measc roinnt a tugadh ar aghaidh ón mbliain féilire roimhe. Amhail ag deireadh na bliana bhí 40 cás idirghabhála áitiúla fós ar oscailt.

**Tábla G: Torthaí faoin bPróiseas Idirghabhála Áitiúla 2021 2021**

| Idirghabháil Áitiúil | Líon Cásanna 2021 | Líon Cásanna 2020 |
|---|---|---|
| Tarchurtha ag GSOC le haghaidh Idirghabháil Áitiúil | 220 | 263 |
| Réitithe/dúnta tar éis an phróisis Idirghabhála Áitiúla | 178* | 175 |
| Dúnta gan idirghabháil, mar gheall go príomha nár ghlac an gearánaí páirt sa phróiseas | 9* | 28 |
| Tarchurtha ar ais chuig GSOC le haghaidh cinneadh inghlacthachta | 70* | 84 |

*Folaítear sna figiúirí sin cásanna a tarchuireadh an bhliain féilire roimhe sin.

**Tionchar**

Ón méid thuas, is féidir a fheiceáil gur réitíodh nó gur dúnadh cion suntasach de na cásanna a tarchuireadh chuig na cigirí Garda ainmnithe tar éis idirghabhála áitiúla.

Ó dhearcadh an ghearánaigh de, tugtar deis leis an gcur chuige seo aghaidh a thabhairt ar a ngearáin agus iad a réiteach go sciobtha, taobh istigh de laethanta nó seachtainí, de ghnáth, seachas míonna, dá nglacfaí lena ngearáin le haghaidh imscrúdú foirmiúil gan mhaoirseacht. Mar gheall go ndírítear ar réiteach, seachas ar imscrúdú foirmiúil ar sháruithe araíonachta, le hidirghabháil áitiúil, féadfaidh toradh níos sásúla a bheith aige. Ag deireadh imscrúdaithe fhoirmiúil, bíodh sé go bhfuarthas go raibh nó nach raibh sárú araíonachta déanta ag an ngarda a ndearnadh gearán faoi, ní cosúil go bhfaighfí 'réiteach' ar ghearán áirithe na ngearánaithe. Is é 'réiteach' príomh-aidhm na hidirghabhála áitiúla.

## AN TSLÍ A N-OIBRÍONN IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

Maidir le gach cás a fhaigheann GSOC, is mar 'fhiosruithe' a thaifeadtar iad ar dtús ar an gCóras Bainistíochta Cásanna (CMS) Ní dhéantar na cásanna sin a uasghrádú ina ngearáin go dtí go mbeidh faisnéis dhóthanach ar fáil lena bhféadtar a chinneadh cé acu a bhfuil nó nach bhfuil an cás inghlactha. Ní fhéadtar gearán a ghlacadh lena imscrúdú ach amháin má chomhlíonann sé critéir leagtha amach sa reachtaíocht. Baineann an próiseas Idirghabhála Áitiúla le gearáin atá ar an gcéim 'fiosrú', is é sin, sula ndéantar iad a mheas le haghaidh inghlacthachta.

- Nuair a fhaigheann GSOC gearán, cinneann GSOC cibé an bhfuil nó nach bhfuil an ní oiriúnach le haghaidh idirghabháil áitiúil. Ní mheastar ach saincheisteanna ar leibhéal seirbhíse. Áirítear le samplaí:

  → Droch-cháilíocht nó droch-chaighdeán seirbhíse

  → Seirbhís neamh-éifeachtúil nó easpa seirbhíse

  → Drochmhúineadh/míbhéas/míchúirtéis

  → Easpa cumarsáide nó easpa freagartha

- Má tá GSOC den tuairim go bhfuil an tsaincheist oiriúnach don phróiseas LI, déanann GSOC teagmháil leis an duine a dhéanann an gearán, míníonn an próiseas Idirghabhála Áitiúla dóibh agus iarrann orthu toiliú a thabhairt an ní a réiteach ar an tslí sin.

- Má thugann an gearánach toiliú, tarchuireann GSOC an ní chuig cigire ainmnithe den Gharda Síochána a bhainistíonn an próiseas thar ceann an Gharda Síochána. Mura dtugann an duine toiliú, déanfaidh GSOC cinneadh faoi cibé an gcuirfear nó nach gcuirfear an líomhain ar aghaidh lena himscrúdú de réir na gcritéar agus na bpróiseas a ndéantar cur síos orthu i Rannán 1 den tuarascáil seo

- Déanann an cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an ngearánach ar an bhfón chun na gníomhartha nó torthaí atá á lorg aige/ aici a shainaithint. De ghnáth, labhraíonn an cigire leis an gcomhalta ábhartha den Gharda Síochána ansin chun a bhféadfadh a bheith mar chúis leis an gceist a fhiosrú. Ní bhaineann an próiseas seo le milleán a chur—baineann sé le dul i ngleic leis an gceist a ardaíodh agus foghlaim ón méid a tharla d'fhonn atarlú a chosc. Déanann an cigire teagmháil leis an ngearánach arís chun an gníomh a ndearnadh chun dul i ngleic leis an ní a chur in iúl. Má tá an gearánach sásta leis an bhfreagra, cuireann an cigire de chuid an Gharda Síochána é sin in iúl do GSOC agus deimhníonn GSOC leis an ngearánach go bhfuil sé/sí sásta. Dúnann GSOC an comhad ansin. Mura n-éiríonn leis na hiarrachtaí chun an ní a réiteach trí Idirghabháil Áitiúil, tarchuirtear an gearánach ar ais chuig GSOC, a chinneann ansin cibé ar chóir nó nár chóir an ní a chur ar aghaidh le haghaidh imscrúdú.


## Idirghabháil Áitiúil: Cás-staidéir in 2021

### CÁS-STAIDÉAR 14

Rinne duine gearán le GSOC tar éis an caidreamh a bhí aige le Garda ag seicphointe tráchta. Dúirt an duine go raibh Garda thar a bheith míbhéasach agus doicheallach leis nuair a fiafraíodh uimhir a guailleoige de. Thug an dara comhalta den Gharda Síochána a bhí i láthair i rith an chaidrimh sin cúnamh don ghearánach maidir le huimhir na guailleoige. Bhí an gearánach sásta go bpléifí lena ghearán trí idirghabháil áitiúil agus ceapadh Cigire Garda ina leith. Rinne an Cigire Garda ainmnithe teagmháil leis an duine agus leis an gcomhalta den Gharda Síochána i gceist agus thug tuairisc ceithre seachtaine ina dhiaidh sin gur éirigh leis an idirghabháil. Bhí an gearánach buíoch den idirghabháil agus sásta go ndúnfaí an cás.

### CÁS-STAIDÉAR 15

Rinne duine gearán le GSOC tar éis deacrachtaí a bheith aige a dhoiciméadacht inimirce a fháil, rud a raibh tionchar aige ar thús a chur lena chuid fostaíochta. Bhí an gearánach sásta go bpléifí lena ghearán trí idirghabháil áitiúil agus ceapadh Cigire Garda ina leith. Shuigh an Cigire Garda gur tharla an mhoill mar gheall ar fholúntas i bpost an oifigigh inimirce de bharr go raibh an t-oifigeach inimirce deiridh imithe ar scor. Mhínigh an Garda go raibh an post le líonadh i gceann cúpla seachtain tar éis feachtais earcaíochta. Bhí an gearánach sásta a dhoiciméadacht inimirce a fháil agus go ndúnfaí an cás.




# 13
# AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

# 13. AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

## Gníomhaíocht Dlí tar éis Imscrúdaithe Choiriúil

Mar ar tugadh breac-chuntas air sna rannáin roimhe seo, déanann GSOC imscrúduithe coiriúla de bhun gearán agus tarchur, chomh maith le i gcomhthéacs imscrúduithe chun leas an phobail.
Ar an imscrúdú coiriúil a chur i gcrích, sa chás go bhfuil an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh gur cion a bhí san iompar faoi imscrúdú, ullmhaítear comhad agus seoltar é chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

I gcás go bhfuair duine bás agus é/í faoi choimeád an Gharda Síochána nó tar éis don duine éagtha bheith i dteagmháil le Gardaí, agus go bhfuil imscrúdú coiriúil déanta ag GSOC, féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun a oibleagáidí faoi Airteagal 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh. Féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás go gcinneann Coimisiún Ombudsman gur chun leas an phobail é déanamh amhlaidh.

Faoi Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, is cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt don Choimisiún Ombudsman i ndáil le gearán nó imscrúdú, cibé acu comhalta nó duine den phobal a dhéanfadh sin.

I ngach cás, is é an DPP a chinneann cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

### Orduithe ón DPP ionchúiseamh a dhéanamh in 2021

In 2021, sheol GSOC 21 chomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Astu sin:

- D'ordaigh an DPP go ndéanfaí ionchúiseamh ar 13 chúiseamh a d'eascair as 10 imscrúdú de chuid GSOC.
- D'ordaigh an DPP nach ndéanfaí ionchúiseamh i 11 chás.

I dteannta an mhéid sin, bhí sé chinneadh eile ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar feitheamh i ndáil le comhaid a seoladh in 2020.

Tá miondealú thíos ar na cionta sna himscrúduithe inar ordaíodh ionchúiseamh.

- Trí chúiseamh ar leithligh i ndáil le cionta gnéis in aghaidh chomhalta amháin den Gharda Síochána
  - → Cúiseamh amháin as Ionsaí Gnéis contrártha le hAlt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990 arna leasú
  - → Cúiseamh amháin as Éigniú contrártha le hAlt 4 Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990 arna leasú
  - → Cúiseamh amháin as ró-mhígheanas contrártha le hAlt 4 Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú) 1993
- Cúiseamh amháin as ionsaí is cúis le díobháil contrártha le hAlt 3 Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997
- Dhá chúiseamh as Ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána
- Trí chúiseamh as Ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 i ndáil le trí imscrúdú ar leithligh a bhain le daoine den phobal agus le comhaltaí den Gharda Síochána.
- Trí chúiseamh i ndáil le dualgais a d'eascair as timpiste tráchta bóthair i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána:
  - → Cúiseamh amháin as mainneachtain feithicil a stopadh ag láthair timpiste tráchta bóthair contrártha le hAlt 106 (1)(a),
  - → Cúiseamh amháin as mainneachtain mótarfheithicil a choimeád ag láthair thimpiste tráchta bóthair nó gar di, contrártha le hAlt 106(1)(b) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961
  - → Cúiseamh amháin as mainneachtain timpiste tráchta bóthair a thuairisciú contrártha le hAlt 106 (1)(d) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961.

- Trí chúiseamh ar leithligh i ndáil le rí imscrúdú ar leithligh ar an gcion d'fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar contrártha le hAlt 110 den Acht an Gharda Síochána 2005

## Cásanna coiriúla a cinneadh sa chúirt 2021: cás-staidéir

Cuireadh cúig ionchúiseamh choiriúla i gcrích in 2021, ina measc triail amháin sa Chúirt Chuarda agus ceithre éisteacht sa Chúirt Dúiche a d'eascair as cionta achoimre.

Sa Chúirt Chuarda, tar éis trialach le giúiré, fuarthas duine ciontach in ionsaí gnéis contrártha le hAlt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú)1990 agus cuireadh sa phríosún an duine ar feadh tréimhse cúig bliana ¬ leis an am caite, arna thomhas ag 21 mhí agus 10 lá curtha san áireamh. Tá an ní sin ina ábhar achomhairc i gcoinne na pianbhreithe amháin.

I nach ceann de na nithe sa Chúirt Dúiche phléadáil na comhaltaí ábhartha ciontach sna cúisimh a leanas:

- dhá chúiseamh ar leithligh as ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997,
- cúiseamh i ngadaíocht contrártha le hAlt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001,
- agus cúiseamh in ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

### CÁS-STAIDÉAR 16

**IONSAÍ ALT 3.** Gearradh téarma sé mhí faoi choimeád ar Gharda agus trí mhí ar fionraí tar éis dó pléadáil ciontach in ionsaí Alt 3 a rinne sé ar an bpáirtí a bhí aige ag an am. Cuireadh cúiseamh i dtreaspás contrártha le hAlt 13 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 san áireamh leis an ionsaí.

Sa chás seo, líomhnaíodh gur ionsaí an cúisí a iar-pháirtí trí í a bhrú in aghaidh dorais agus streachail sé chun talún í agus gur rug sé greim ar a muineál, rud a d'fhág ballbhrú ar a héadan agus ar a lámh, agus a bhris dhá mhéar. Beirt leanaí a bhí ann, an duine níos sine díobh a bhí sé bliana d'aois, bhuail siad an cúisí le claimhte plaisteacha Power Ranger mar iarracht an cúisí a bhaint dá máthair.

Agus pianbhreith á gearradh air, chuir an Chúirt san áireamh imthosca pearsanta an chúisí, an easpa ciontuithe roimhe sin, tacaíocht óna theaghlach agus an aois a bhí air. Cuireadh na coinníollacha seo a leanas leis an bpianbhreith a gearradh ar an nGarda:

1. go gcuirfí é faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh agus Leasa, agus cuireadh bannaí síochána agus dea-iompraíochta air.
2. go ndéanfadh sé cúrsa cónaitheach cóireála drugaí.
3. go ndéanfadh sé cúrsa láimhseála feirge.
4. go ndéanfadh sé cúrsa maidir le fostaíocht nó bhreisfhostaíocht.
5. nach mbeadh aon teagmháil dhíreach nó indíreach aige leis an bpáirtí díobháilte.

Dúirt an Chúirt go raibh ordú cúitimh iomchuí.

### CÁS-STAIDÉAR 17

**ALT 2 DEN ACHT UM CHIONTA NEAMH-MHARFACHA IN AGHAIDH AN DUINE, 1997.** Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána i ndáil le (a) ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, agus (b) ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (tarraingíodh siar ina dhiaidh sin) tar éis imscrúdú ag GSOC ar líomhaintí maidir le ionsaí ar bhean ag an gcomhalta le linn gabhála. Líomhain an gearánach go ndearnadh ionsaí i halla foirgnimh árasán. Taifeadadh an t-ionsaí ar TCI. Phléadáil an comhalta ábhartha den Gharda Síochána ciontach ar na fíricí iomlána maidir leis an gcúiseamh in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Tionóladh an éisteacht um an bpianbhreith os comhair Bhreitheamh na Cúirte Dúiche agus cuireadh an ní ar atráth tar éis aighneachtaí a dhéanamh chun Tuarascáil Phromhaidh a ullmhú. Ar an Tuarascáil Phromhaidh a fháil, thug Breitheamh na Cúirte Dúiche an easpa torthaí diúltacha ar aird, d'ordaigh go n-íocfaí Ð500 le Bosca na mBocht agus ansin scrios amach na himeachtaí in aghaidh an chomhalta den Gharda Síochána de bhun Alt 1(1) den Acht Promhaidh, 1907.

### CÁS-STAIDÉAR 18

**ALT 4 AGUS ALT 8 DEN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA GADAÍOCHTA AGUS CALAOISE) 2001.** Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána i 5 chion a bhain le gadaíocht: i gcion amháin contrártha le hAlt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, agus i gceithre chúiseamh contrártha le hAlt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. I ndiaidh Imscrúdú chun an Leas Poiblí faoi alt 102(4) den Acht tarchuireadh comhaid chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i ndáil le roinnt teagmhas ar leithligh d'imeacht ón láthair gan íoc agus gadaíocht. Phléadáil an comhalta ábhartha ciontach i ngach ceann de na ceithre chúiseamh d'imeacht ón láthair gan íoc contrártha le hAlt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. Thug an comhalta an tsuim airgid ar ais do na páirtithe díobháilte i ngach cás. Scrios an Chúirt an ní sin amach ag féachaint do, inter alia, imthosca pearsanta an chomhalta. Phléadáil an comhalta den Gharda Síochána ciontach i ndáil le cúiseamh amháin i ngadaíocht freisin. Ordaíodh Tuarascáil Phromhaidh. Chuir an Chúirt Alt 1(1) den Acht Promhaidh 1907 i bhfeidhm i ndáil leis an gcomhalta den Gharda Síochána.

### Cásanna ar feitheamh os comhair na gcúirteanna ag deireadh 2021

Tá comhaltaí den Gharda Síochána ina n-ábhar do chúisimh atá ar feitheamh os comhair na gcúirteanna faoi láthair i ndáil le raon cionta lena n-áirítear:

- Ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997,
- ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997,
- Alt 106 Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, agus
- faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar contrártha le hAlt 110 den Acht an Gharda Síochána, 2005, agus Alt 12 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1976.

## Nochtadh ag Neamh-Pháirtí

Déanann Aonad Dlí GSOC comhordú ar nochtadh fianaise ag neamh-pháirtí in imeachtaí coiriúla nuair a iarrtar air déanamh amhlaidh. Déantar sin de réir phrótacal a comhaontaíodh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2019, atá ar fáil anseo: **https://www.gardaombudsman.ie/about-gsoc/non-party.**

In 2021, chonaic GSOC ardú suntasach ar líon na n-iarrataí ar nochtadh ag neamh-pháirtí. Ullmhaíodh 134 chomhad den sórt sin agus eisíodh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iad le linn na bliana. Tá sin i gcomparáid le 48 gcomhad den sórt sin in 2020.




# 14 EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS AN GHARDA SÍOCHÁNA

# 14. EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS AN GHARDA SÍOCHÁNA

## Moltaí Córasacha a tugadh do Bhainistíocht an Gharda Síochána

Agus imscrúduithe á ndéanamh ag GSOC, tagann cleachtais chun cinn uaireanta a chreidimid is gá a thabhairt chun aire lucht bainistíochta an Gharda Síochána.

Creideann GSOC gur gné thábhachtach den fhormhaoirseacht is ea aird a tharraingt orthu seo nuair a thagann siad chun cinn agus moltaí a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlóidh teagmhais den chineál céanna arís. Tugadh isteach foráil dó sin le leasú ar an Acht in 2015. Is le saincheisteanna córasacha nó bainistíochta, seachas le hiompraíocht daoine aonair, a bhaineann na moltaí.

Tá achoimre ar na saincheisteanna córasacha a cuireadh ar aird an Gharda Síochána in 2021 i dTábla H thíos. Thug an Garda Síochána aitheantas i scríbhinn do na moltaí córasacha uile.

**Tábla H: Moltaí Córasacha a thug GSOC don Gharda Síochána in 2021**

| Ábhar ginearálta | Ábhar Sonrach | Moladh |
|---|---|---|
| Mí-úsáid a bhaint as feithiclí Garda | Gan taifead a cho-imeád maidir le húsáid feithiclí Garda | Rinneadh líomhaintí in dhá ghearán ar leithligh nár bhain lena chéile ó dhaoine den phobal go bhfaca siad Garda ag scríobh téacsteachtaireachta agus feithicil oifigiúil á tiomáint acu. Rinne GSOC fiosrúcháin ar an dá chás agus fuarthas nach raibh aon chomhalta sannta don fheithicil i logleabhar Stáisiún na nGardaí an lá agus an t-am a bhí i gceist agus nach bhféadfaí an tiománaí a shainaithint. Suíodh freisin go raibh mionsonraí riachtanacha in easnamh ón logleabhar ar laethanta agus ag amanna eile. Fuair GSOC nárbh fhéidir leis an gceantar Garda áirithe sin cuntas a thabhairt ar úsáid feithicle oifigiúla a d'fhéadfadh a bheith bainteach le sárú tráchta.<br>Moladh eisithe ag GSOC an 03 Feabhra 2021<br>Mhol GSOC:<br>→ Meabhrú do gach Garda gur riachtanach agus gur thábhachtach iontrálacha iomlána a dhéanamh i logleabhair chun léiriú ceart a thabhairt ar úsáid feithiclí oifigiúla. Cabhróidh sin le cuntasacht a chinntiú dá dtarlódh teagmhas. D'fhéadfadh sé an tionchar airgeadais ar an Stát a íoslaghdú freisin, chomh maith le cabhrú le feithiclí oifigiúla a bhainistiú i gceart.<br>→ Gur cheart treoir a eisiúint lena gceanglófaí ar oifigigh formhaoirseachta logleabhair feithiclí a sheiceáil ar bhonn seachtainiúil agus dul i ngleic le haon sáruithe de réir mar a thiocfaidís chun cinn.<br>→ Go mbreithneofaí tús a chur le próiseas ina gcoinneodh duine ar chéim formhaoirseachta eochracha feithiclí go sábháilte tráth nach mbeidís in úsáid. |

| | | |
|---|---|---|
| Coinníollacha Sábháilteachta i Stáisiúin na nGardaí | Rothair agus gluaisrothair i Stáisiúin na nGardaí ina nguaiseacha agus daoine ar an mbealach chuig an áit ina mbíonn daoine faoi choimeád. | Bhain an cás seo le himscrúdú coiriúil a rinne Imscrúdaitheoir de chuid GSOC i ndáil le gearán a rinne duine den phobal a líomhain gur bhuail Garda é tar éis a ghabhála. Shuigh an t-imscrúdú go raibh gluaisrothair agus rothair de chuid an Gharda Síochána páirceáilte ar gach taobh den bhealach chuig an áit ina mbíonn daoine faoi choimeád. Bhuail comhaltaí den Gharda Síochána agus an príosúnach i gcoinne hanlaí ar a laghad gluaisrothar amháin agus rothar amháin, agus chreid an príosúnach gur bhuail an Garda é dá bharr.<br>Moladh eisithe ag GSOC an 12 Deireadh Fómhair 2021<br>Mhol GSOC don Gharda Síochána:<br>→ Cigireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach Stáisiún na nGardaí chun bealach glan ón bpointe iompair feithicle go dtí an áit ina mbíonn daoine faoi choimeád a áirithiú.<br>→ Gur cheart don bhealach glan a bheith sách leathan do chásanna ina mbeadh ar chomhaltaí den Gharda Síochána príosúnaigh neamh-chomhoibríocha a thionlacan nó a iompar chun gortú féideartha don phríosúnach agus do chomhaltaí den Gharda Síochána, chomh maith le díobháil fhéideartha do threalamh agus d'fheithiclí Garda a sheachaint. |
| Daoine ag Coladh i Stáisiúin na nGardaí | Dualgas comhaltaí i leith daoine den phobal agus dídean á lorg acu i Stáisiúin na nGardaí | Rinne GSOC imscrúdú tar éis tarchur Alt 102 a bhain le bás mná ag Stáisiún na nGardaí. Scaoileadh an bhean saor as coimeád, agus ina dhiaidh sin lorg sí dídean i láthair shuí don phobal sa Stáisiún Gardaí le dul a chodladh. Fágadh an bhean gan seiceáil uirthi ar feadh tuairim is trí uair an chloig sular tugadh faoi deara nach raibh sí freagrúil.<br><br>Níor nochtadh aon chionta féideartha ag aon chomhalta den Gharda Síochána in imscrúdú GSOC. Mar sin féin, fuarthas nárbh fhéidir an doiciméad maidir le measúnú riosca príosúnach, an C84(A), a aimsiú. Chuir GSOC tús le himscrúdú araíonachta de bhun Alt 95, inar tugadh fógra don chomhalta a bhí freagrach as an C84(A) a chomhlánú.<br><br>I rith an imscrúdaithe, rinneadh fiosrúcháin le Rannóg an Gharda Síochána um Beartas Coiriúil i ndáil le haon treoir fhoirmiúil do chomhaltaí maidir le daoine a bheith ag codladh sna háiteanna poiblí i Stáisiúin na nGardaí. An freagra a thug Rannóg an Gharda Síochána um Beartas Coiriúil ná nach bhfuil aon bheartas ná próisis chomhaontaithe ag an Garda Síochána i ndáil le daoine gan dídean a bheith ag fanacht i Stáisiúin na nGardaí. Dúradh go gcoinneoidh an Garda Síochána daoine slán sábháilte i gcónaí i gcás den sórt sin cheal cóiríocht mhalartach a bheith ar fáil dóibh, mar a leagtar amach ina ráiteas misin. Dúradh go ndéanfadh an comhalta i gceannas ar an stáisiún cinntí den sórt sin a thiocfadh chun cinn ar bhonn cás ar chás, áfach.<br><br>Mhol GSOC go bhforbródh an Garda Síochána prótacal chun leas daoine den phobal a úsáideann Stáisiúin na nGardaí chun dídean a lorg agus codladh iontu a áirithiú. D'fhéadfadh a áireamh leis sin mionsonraí an duine agus a n-imthosca a thaifeadadh agus córas seiceálacha orthu a chur i bhfeidhm i rith na hoíche lena chinntiú go bhféadfaí cúnamh liachta a thabhairt dóibh dá dteastódh sin. |

| | | |
|---|---|---|
| Oiliúint; PULSE | Easpa oiliúna sa tslí le cuidiú le daoine i mbaol féinmharaithe. Roghanna neamhleor ar PULSE chun glaonna teileafóin ó dhaoine den phobal a chuireann in iúl go bhfuil sé ar intinn acu féindochar a dhéanamh nó go bhfuil siad ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin a thaifeadadh | Rinne GSOC imscrúdú tar éis tarchur a rinneadh faoi Alt 102 den Acht, 2005, a bhain le fear a chuir lámh ina bhás féin. Thart ar choicís sular bhásaigh sé, chuaigh mac an fhir chuig Stáisiún Gardaí agus thuairisc sé go raibh imní air go raibh an fear chun é féin a scaoileadh saor ón ospidéal. Chuir an comhalta comhairle air maidir le horduithe cúirte a d'fhéadfaí a fháil agus chruthaigh sé teagmhas airde agus gearán ar PULSE.<br><br>Fuair an comhalta glaoch gutháin ag an Stáisiún Gardaí ón duine a d'éag a dúirt go raibh sé faoi dhúlagar. Rinne an comhalta idirchaidreamh le teaghlach an fhir, agus thug sé PULSE cothrom le dáta, ag tabhairt le fios go raibh sé de rún aige seiceáil ar leas an duine a d'éag an chéad uair eile a bheadh sé ar dualgas.<br><br>Idir an dá linn, chuir an fear lámh ina bhás féin.<br><br>Ní bhfuair GSOC aon cion nó aon sárú araíonachta déanta ag aon chomhalta. Mar sin féin, shainaithin GSOC na saincheisteanna seo a leanas:<br>→ Níl aon bheartas sonrach ag an nGarda Síochána do chomhaltaí faoin tslí le caitheamh le daoine den phobal a chuireann in iúl go bhfuil sé ar intinn acu féindochar a dhéanamh.<br>→ Ní bhfuair comhaltaí a chuaigh isteach sa Gharda Síochána roimh 2014 oiliúint ASIST go huathoibríoch maidir leis an tslí is fearr le plé le daoine a chuireann in iúl go bhfuil siad ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin.<br>→ Níl aon bheartas ná treoir ag an nGarda Síochána i ndáil leis an tslí le glaonna gutháin ó dhaoine a chuireann in iúl go bhfuil siad ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin a thaifeadadh ar an gcóras PULSE.<br>Mhol GSOC:<br>→ Beartas a thabhairt isteach ar feadh na seirbhísí maidir le freastal ar gach glao ina luann an glaoiteoir féindochar nó féinmharú. Thabharfadh sin deis do na Gardaí i láthair pictiúr níos iomláine de riocht an ghlaoiteora a fháil. D'fhéadfadh Gardaí i láthair a bheith in ann cóireáil speisialaithe a éascú i gcásanna ábhartha.<br>→ A chinntiú go bhfaigheann gach Garda agus gach duine a ghlacann glaonna oiliúint ASIST agus oiliúint i gcúrsaí féinmharaithe. Smaoineamh ar athoiliúint do na comhaltaí agus do na daoine sin a ghlacann glaonna ar cuireadh oiliúint orthu cheana féin.<br>→ Catagóir teagmhas PULSE nua a thabhairt isteach le haghaidh gach glaoch ina mbagraítear féindochar nó féinmharú. Ba cheart é sin a chur le catagóir a thugann foláireamh faoin ábhar le go dtabharfaidh daoine/rannóga eile atá ag teacht ar dualgas aird air, agus a thugann leid do mhaoirseoirí athbhreithniú a dhéanamh ar ghlaonna den sórt sin sula gcuireann siad deireadh lena seal oibre. |

## Eolas a thabhairt don Straitéis Náisiúnta Póilíneachta le linn COVID

De bharr na srianta a cuireadh ar an saol laethúil in Éirinn mar gheall ar an bpaindéim le dhá bhliain anuas, tá ardú suntasach tagtha ar chaidreamh laethúil idir an Garda Síochána agus an pobal in imthosca dúshlánacha nach bhfacthas riamh cheana.

Idirchaidreamh dearfach a bhí i bhformhór mór an idirchaidrimh sin. Mar sin féin, rinneadh gearáin chuig GSOC mar thoradh air, i gcásanna. Tugann na gearáin agus na fiosrúcháin a fuair GSOC léargas áisiúil ar mheon an phobail maidir le bearta sa phaindéim agus maidir leis an tslí a ndearnadh póilíneacht orthu.

Ó thús phaindéim COVID-19 in 2020 agus le linn 2021, rannchuidigh GSOC le pleanáil náisiúnta theagmhasach agus le bainistiú teagmhas criticiúil, in éineacht lena chomhpháirtithe ar feadh na hearnála Dlí agus Cirt, agus lasmuigh di. Trí fhreastal ar ghlaonna comhdhála faoi chathaoirleacht na Roinne Dlí agus Cirt, chomh maith le trí chaidreamh le bainistíocht an Gharda Síochána, bhí GSOC ina fhoinse luachmhar léargais ar mheon an phobail maidir le póilíneacht ar shrianta na paindéime. Chuir sé sonraí rialta ar fáil faoi staitisticí maidir le gearáin agus tuiscint ar na saincheisteanna agus réimsí a raibh spéis ag an bpobal iontu. Bhí an rannchuidiú sin mar bhonn eolais don éabhlóid agus do na coigeartuithe riachtanacha ar an straitéis póilíneachta don phaindéim, agus bhí sé mar bhonn eolais don ceapadh beartas de réir mar a thit céimeanna éagsúla na paindéime amach.

I measc na réimsí spéise a chonaic GSOC agus a chuir sé in iúl le bliain anuas bhí comhlíonadh na gceanglas maidir le scaradh sóisialta i rith idirchaidrimh idir Gardaí agus daoine den phobal; úsáid a bhaint as trealamh cosanta pearsanta (aghaidhmhaisc, go sonrach) ag comhaltaí den Gharda Síochána ag seicphointí; agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an sciath frith-sheile nua a tugadh isteach agus a eisítear anois mar threalamh oibríochtúil do Ghardaí.

Cuireadh léargais den sórt sin, i bhfoirm gan ainm, in iúil do Bhainistíocht an Gharda Síochána ar bhonn seachtainiúil lena chur ar a gcumas monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag a ngníomhaíocht oibríochtúil ar an bpobal. Mar thoradh air sin, bhíothas in ann oiliúint agus treoracha an Gharda Síochána a shaincheapadh chun aghaidh a thabhairt ar aon cheist a tháinig chun cinn.

# 15. NOCHTUITHE COSANTA

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, féadfaidh oibrithe de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear comhaltaí den Gharda Síochána, líomhaintí maidir le héagóir laistigh den Gharda Síochána a nochtadh do GSOC faoi rún.

Pléann Aonad um Nochtuithe Cosanta in GSOC le Nochtuithe Cosanta.

## Riar Cásanna maidir le Nochtuithe Cosanta in 2021

Tugtar mionsonraí faoin riar cásanna maidir le nochtuithe cosanta ar phléigh an tAonad leo in 2021 sa Tábla thíos.

**Tábla I: Riar Cásanna GSOC maidir le Nochtuithe Cosanta in 2021**

| | |
|---|---|
| **Cásanna idir lámha amhail an 31 Nollaig 2020** | **75** |
| Nochtuithe Cosanta a fuarthas i rith 2021 | 20 |
| Nithe maidir le Nochtuithe Cosanta a dúnadh in 2021 | 26 |
| Iarmhéid na gcásanna idir lámha amhail an 31 Nollaig 2021 | 69 |

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an gníomh ar tugadh fúthu. Tá tuilleadh mionsonraí faoi obair GSOC maidir le nochtuithe cosanta le fáil sa tuarascáil seo, atá ar fáil ar láithreán gréasáin GSOC.

## Plé le Nochtuithe Cosanta sa Bhaile agus go hIdirnáisiúnta

Lean GSOC dá chaidreamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2021 maidir leis an mBille um Nochtadh Cosanta (Leasú), lena gceadófar Treoir 2019/1937 ón Aontas Eorpach maidir le 'Sceithirí' a thrasuí i ndlí na hÉireann. Tháinig an Treoir i bhfeidhm an 17 Nollaig 2021, agus tá an reachtaíocht leasaithe le rith sa chéad leath de 2022.

D'fhreastail agus ghlac GSOC páirt i Líonra Idir-Rannach an Rialtais um Nochtuithe Cosanta, chomh maith le teagmháil le ranna eile Rialtais agus an Garda Síochána ar nithe maidir le nochtuithe agus próisis lena mbaineann.

Lean GSOC de bheith mar ionadaí na hÉireann ar Líonra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithireachta (NEIWA) ag obair ar eolas agus saineolas roinnte i nithe a bhaineann le nochtuithe agus feidhmiú Threoir 2019/1937 ón AE. D'fhreastail GSOC ar 4 chruinniú fíorúil i rith 2021, agus d'óstáil sé an ceathrú cruinniú i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 2021 inar foilsíodh "Dearbhú Bhaile Átha Cliath" NEIWA, rud a léirigh teacht in éifeacht na Treorach maidir le 'Sceithirí' agus inar iarraidh go gcuifí i bhfeidhm go tapa í ar fud Bhallstáit an AE.

# 16. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

Is é Aonad Beartais agus Rúnaíochta GSOC a dhéileálann leis an gcuid is mó den mhórán iarrataí ar chineálacha éagsúla faisnéise a fhaigheann GSOC gach bliain. Tá baill foirne speisialaithe san Aonad dhéileálann le hiarrataí a dhéantar faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Tá an fhoireann seo freagrach as cinntiú go bhfreagraítear do na hiarrataí seo taobh istigh de na teorainneacha ama iarrtha, feasacht ar nithe maidir le cosaint sonraí, saorála faisnéise agus príobháideachais a ardú taobh istigh de GSOC, comhairle faoi chosaint sonraí a chur ar fáil do bhaill foirne, agus cinntiú go gcloíonn GSOC lena chuid dualgas reachtúil faoin reachtaíocht.

Fuarthas seachtó iarraidh saorála faisnéise in 2021. Ba ardú é sin ar 61 an bhliain roimhe agus is é an líon is airde a fuair GSOC riamh in aon bhliain amháin. Bhain an chuid is mó le hiarrataí ar fhaisnéis phearsanta arna coinneáil i gcás-chomhaid GSOC. Mar gheall nach gclúdaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise na comhaid in imscrúdú nó comhaid ghearáin (is é sin a bhaineann le scrúdú nó imscrúdú faoi Chuid 4 d'Acht an Gharda Síochána, 2005), diúltaíodh na hiarrataí sin.

Bhain an chuid eile de na hiarrataí saorála faisnéise le staitisticí, staitisticí conarthacha agus le faisnéis ar scaoiltí arm marfach agus neamh-mharfacha an Gharda Síochána.

Fuair GSOC ceithre iarraidh ar athbhreithnithe inmheánacha ar chinntí i ndáil le hiarrataí saorála faisnéise, agus bhí péire díobh sin tarchurtha ag an iarratasóir dá éis sin chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Bhain an chuid is mó de na hiarrataí seo ar athbhreithniú le diúltú rochtain a chur ar fáil ar thaifid i gcomhaid imscrúdaithe nó gearáin.

Tá tuilleadh sonraí faoi na hiarrataí saorála faisnéise a fuarthas in 2021 ar fáil ar an Loga Nochtuithe Cosanta Saorála Faisnéise atá ar fáil lena bhreithniú ar láithreán gréasáin GSOC.

B'ionann líon na n-iarrataí rochtana sonraí a fuarthas in 2021 agus 108, an líon is airde riamh atá faighte ag GSOC. Ba ó ghearánaigh a tháinig formhór na n-iarrataí sin agus rochtain á lorg acu ar a sonraí pearsanta a bhí á gcoinneáil i gcomhaid ghearáin agus imscrúduithe GSOC. Ba é a bhí i gceist leis sin ná athbhreithniú agus próiseáil ar os cionn 290 comhaid ar leithligh. Bhain dhá iarraidh le scriosadh sonraí pearsanta arna gcoinneáil ag GSOC faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus iarraidh amháin maidir le sonraí a chur ina gceart faoin RGCS.

In 2021, dhéileáil an tAonad Cosanta Sonraí le 16 iarraidh ar chomhairle maidir le nithe cosanta sonraí ó bhaill foirne sa chuid is mó d'aonaid ghnó GSOC. Bhain an chuid is mó de na saincheisteanna a ardaíodh le nochtadh faisnéise le tríú páirtithe agus le comhairle maidir le scannánaíocht TCI a fháil le haghaidh imscrúduithe araíonachta.

Aonad Cumarsáide GSOC a dhéileálann le hiarrataí ar fhaisnéis ó iriseoirí taobh amuigh den phróiseas saorála faisnéise, a chuireann seirbhís ar dualgas 24 uair an chloig sa lá ar fáil. D'fhreagair an tAonad do 257 fiosrú ó na meáin in 2021.

**Tábla J: Iarrataí ar Fhaisnéis a Próiseáladh in 2021**

| Ábhar | Líon |
|---|---|
| Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 | 70 |
| Iarrataí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 | 108 |
| Iarrataí ar Fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 16 |
| Aighneachtaí mar fhreagra do Cheisteanna Parlaiminte | 49 |
| Ionadaíochtaí ó chomhaltaí an Oireachtais | 10 |
| Ceisteanna ó na Meáin | 257 |

# 17. GSOC AGUS COSAINT LEANAÍ

Tá dualgas ar GSOC maidir le cosaint leanaí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Chosaint agus Leas Leanaí araon. Le linn a gcuid oibre ag glacadh gearáin ó dhaoine den phobal, nó imscrúduithe a reáchtáil, cuirtear baill foirne ar an eolas faoi chásanna ina d'fhéadfadh gortú a bheith déanta do leanaí nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó ghortú.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, is daoine sainordaithe iad baill foirne áirithe GSOC, Oifigigh Ainmnithe (imscrúdaitheoirí) agus iad ag reáchtáil a n-imscrúduithe coiriúla. Mar dhuine sainordaithe, ní mór don Oifigeach Ainmnithe tarchur a dhéanamh le Tusla, más eol, má chreideann nó má bhíonn amhras réasúnach air nó uirthi gur gortaíodh leanbh, go bhfuil leanbh á ghortú nó i mbaol a bheith gortaithe, nó má nochtann leanbh gortú.

Tá an oibleagáid maidir le tarchur i gceist freisin má nochtann leanbh go gcreideann siad go bhfuil siad i mbaol a bheith gortaithe.

Rinne Oifigigh Ainmnithe GSOC 53 tarchur éigeantach le Tusla in 2021.

Ina theannta sin, rinne GSOC 103 tarchur neamh-éigeantach in 2021. Bhain siad le nithe a tháinig chun aire baill foirne GSOC le linn a gcuid oibre, seachas le linn imscrúdú coiriúil.

Ceanglaítear ar dhaoine neamhshainordaithe Teagmhálaithe Ainmnithe GSOC a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhféadfadh baint a bheith acu le cosaint agus/nó leas leanaí agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil trí fholáirimh a ardú ar chóras cásbhainistíochta na heagraíochta. Cuireadh 716 foláireamh Cosanta Leanaí den chineál seo ar an gcóras cásbhainistíochta in 2020. Déanann an Teagmhálaí Ainmnithe athbhreithniú ar na foláirimh agus déanann taifead de chinntí chun tarchuir a dhéanamh le Tusla, agus cinntí gan tarchur a dhéanamh.

## Príomhfhigiúirí

716 FOLÁIREAMH NUA COSANTA LEANAÍ


TARCHUR NEAMH-ÉIGEANTACH 103

TARCHUR ÉIGEANTACH 53

504 CINNEADH GAN TARCHUR A DHÉANAMH

# AGUISÍN 1: IMSCRÚDUITHE GSOC AR LÁIMH AG DEIREADH BLIANA 2021

Ag deireadh bliana 2021, bhí 852 imscrúdú fós ar bun ag Aonad Imscrúduithe GSOC. Tá sin i gcomparáid le 904 ag deireadh bliana 2020.




Sa bhreis ar na himscrúduithe sin, bhí 327 imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána, a d'eascair as gearáin chuig GSOC, fós ar siúl. Bhí athbhreithniú á dhéanamh ag GSOC ar 36 chás eile den sórt sin ag deireadh na bliana, cé go raibh siad curtha i gcrích, ar iarratas an ghearánaigh.

Bhí tuairim is 300 cás breise i 'gcéimeanna' éagsúla eile den phróiseas bainistíochta cáis. Áiríodh leo sin cásanna a fuarthas le déanaí agus a raibh ag céim thosaigh mheasúnaithe, cásanna atá curtha i gcrích agus ar feitheamh tuarascálacha críochnaitheacha faoi Alt 97 nó Alt 101 den Acht; agus cásanna a bhfuiltear ag scoireadh díobh.


# AGUISÍN 2:
# PRÓIFÍL NA NGEARÁNACH IN 2021

Ar gearán a chur isteach chuig GSOC, iarrtar ar ghearánaigh suirbhé gan ainm a thabhairt a dhéanamh chun sonraí déimeagrafacha faoi na daoine a lorgaíonn comhairle uainn a chur ar fáil do GSOC.


In 2021, d'fhreagair 455 ghearánach an suirbhé. Is ionann sin agus ráta freagartha tuairim is 21%.

Tugtar breac-chuntas sna cairteacha thíos ar phróifíl na ngearánach a d'fhreagair an suirbhé, i gcatagóirí déimeagrafacha éagsúla.


**(i) Inscne**





**(ii) Aois**




### (iii) Tír Bhunaidh nó Náisiúntacht





### (iv) Eitneacht




**(v) Teanga**





**(vi) Míchumas**




### (vii) Reiligiún




### (viii) Stádas Tithíochta




### (ix) Gnóthachtáil Oideachais




- Tríú Leibhéal 62%
- Dara Leibhéal 30%
- Bunoideachas 3%
- Gan Oideachas Foirmiúil 1%
- Eile 4%

### (x) Stádas Fostaíochta





- Fostaithe 50%
- Ar Scor 3%
- Féinfhostaithe 11%
- Oiliúnaí/Mac Léinn 4%
- Gan bheith ar fáil don obair 7%
- Dífhostaithe 17%
- Eile 8%


# AGUISÍN 3: INSCNE AGUS CÉIM NA NGARDAÍ AB ÁBHAR GEARÁN IN 2021

Léirítear sna cairteacha a leanas miondealú ar inscne agus ar aois na nGardaí ab ábhar gearán in 2021, sa chás go raibh an fhaisnéis sin ar eolas.

**(i) Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh in 2021**




**(ii) Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh in 2021**



# GLUAIS TÉARMAÍ AGUS GIORRÚCHÁN

| Acrainm | Ciall |
|---|---|
| An tAcht | Is é Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, an t-acht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC. Is féidir é a léamh ag: **http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print** |
| Inghlacthacht | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in Alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú. |
| Comhairle | Is smachtbhanna é seo, a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm, as sárú ar na Rialacháin Araíonachta – is féidir comhairle fhoirmiúil nó comhairle neamhfhoirmiúil a bheith i gceist leis |
| Líomhain | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó, ar iompraíochtaí aonair iad a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith. |
| Airteagal 2 | Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. |
| Gearán | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar comhalta aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó in aghaidh garda amháin nó níos mó a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach garda a mheasúnú ina haonar ó thaobh inghlacthachta de. |
| CoFPI | An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn |
| Rialacháin Choimeádta | Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhao-ine Faoi Choimeád Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 – rialacháin a bhaineann le coimeád daoine i stáisiúin Gardaí. Is féidir é a léamh ag **http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print** |
| Rialacháin Araíonachta | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: **http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print** |
| Gníomh araíonachta | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sáruithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach. |
| Imeachtaí Araíonachta | Imeachtaí iad seo a fhéadfaidh an Garda Síochána a thionscnamh tar éis imscrúdú araíonachta. Is teorainn dlínse GSOC é a mholadh go ndéanfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhanna a eascródh dá bharr |
| RCBÁC | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath |

| | |
|---|---|
| DO | Oifigeach Ainmnithe |
| DPP | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí |
| ECHR | Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine |
| FRTC | Imbhualadh Marfach Tráchta ar Bhóthar |
| GSIO | Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána |
| GSOC | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána |
| IO | Oifigeach Imscrúduithe |
| Idirghabháil Áitiúil | Tá d'aidhm leis an bpróiseas idirghabhála áitiúila gearáin áirithe ar leibhéal seirbhíse in aghaidh chomhaltaí den Gharda Síochána a réiteach ar leibhéal áitiúil gan ghá leis an ábhar a chur faoi phróiseas foirmiúil gearán. Déanann cigirí Garda ainmnithe teagmháil leis an ngearánach, faigheann amach na saincheisteanna sa ghearán, agus déanann iarracht nithe a réiteach chun sástachta an ghearánaigh. |
| Airmheán | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun. |
| Comhalta i gceannas | An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil iomlán agus liosta de dhualgais an chomhalta i gceannas a fheiceáil ina Ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach thuas). |
| An Coimisiún Ombudsman | An triúr Coimisinéirí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| As am | Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearán faoi. |
| PDA | An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 |
| PD/PDU | Nochtuithe Cosanta/An tAonad um Nochtadh Cosanta. |

Garda
Ombudsman
FIOSRÚCHÁN NEAMHSPLEÁCHAS
NEAMHCHLAONTACHT

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, D01 FT73
Tel: (01) 871 6727    Lo-Call: 0818 600 800    Fax: (01) 814 7023    Email: info@gsoc.ie    Web: www.gardaombudsman.ie